Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

## Freagraí ar Fhiosruithe a ardaíodh i Modúl 2 maidir le 2006 GCOB

GCRR_4.03.34.13_001

Eisiúint 1 | 15 Deireadh Fómhair 2020

.

Jab Uimhir233985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Corporate House
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire
www.arup.com

ARUP

# Fíorú an doiciméid

ARUP

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal an jab** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | **Uimhir an jab**<br>233985-00 |
| **Teideal an doiciméid** | Freagraí ar Fhiosruithe a ardaíodh i Modúl 2 maidir le 2006 GCOB | **Tagairt an chomhaid** |
| **Tag an doiciméid** | GCRR_4.03.34.13_001 | |

| **Athbhreithniú** | **Dáta** | **Ainm an chomhaid** | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dréacht 4 | 17 Aibreán 2020 | **Tuairisc** | Dréacht | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| Eisiúint 1 | 12 Bealtaine 2020 | **Ainm an chomhaid** | GCRR-4.03.34.13.1 Freagra ar 2006 GCOB Q_I1.docx | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Mary Hurley | Eileen McCarthy | Eileen McCarthy |
| | | Síniú | | | |
| Eisiúint 2 | 3 DF 2020 | **Ainm an chomhaid** | GCRR-4.03.34.13.1 Freagra ar 2006 GCOB Q_I2.DOCX | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | Mary Hurley | Eileen McCarthy |
| | | Síniú | | | |
| Eisiúint 3 | 7 DF 2020 | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | Eisiúint 3 | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |

**Fíorú an doiciméid le heisiúint in éineacht leis an doiciméad** ☐

# Fíorú an Doiciméid



| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal an jab** | | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | | | **Uimhir an jab**<br>233985-00 |
| **Teideal an doiciméid** | | Freagraí ar Fhiosruithe a ardaíodh i Modúl 2 maidir le 2006 GCOB | | | **Tagairt an chomhaid** |
| **Tag an doiciméid** | | GCRR_4.03.34.13_001 | | | |
| **Athbhreithniú** | **Dáta** | **Ainm an chomhaid** | GCRR-4.03.34.13.1 Freagra ar 2006 GCOB Q_I5.docx | | |
| Eisiúint 5 | 12 DF 2020 | **Tuairisc** | Eisiúint 4 - Roinn 6, arna huasdátú | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |
| Eisiúint 5 | 13 DF 2020 | **Ainm an chomhaid** | Eisiúint 5 - Roinn 6, arna huasdátú, agus Fíoracha 4.1 agus 5.1 curtha léi | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | Mary Hurley | Eileen McCarthy |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |

**Fíorú an Doiciméid le heisiúint in éineacht leis an** ✓

# Clár

Leathanach

**1 Réamhrá 1**

**2 An Comhthéacs inar forbraíodh 2006 GCOB i gcomparáid le forbairt N6 GCRR 2**

**3 Cuspóirí an Tionscadail 5**

**4 Measúnacht ar 2006 GCOB mar réiteach ionchasach? 8**

4.1 Réamhrá 8
4.2 Tuairisc an Bhealaigh 8
4.3 Measúnacht Innealtóireachta & Tráchta 11
4.4 Measúnacht Timpeallachta 12
4.5 Achoimre ar an mbreithniú a rinneadh ar 2006 GCOB mar réiteach ar na fadhbanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird 18
CONCLÚID 19

**5 Modhnuithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le Rogha Bealaigh 2006 GCOB - Rogha Bealaigh Ciain 20**

5.1 Tuairisc ar Bhealach Ciain 20
5.2 Measúnacht Innealtóireachta & Tráchta 22
5.3 Measúnacht Timpeallachta 23
5.4 Achoimre ar an mbreithniú a rinneadh ar Rogha Bealaigh Ciain (leagan modhnaithe de rogha 2006 GCOB) mar réiteach ar na fadhbanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird 29
CONCLÚID 30

**6 Cén fáth nach rabhthas in ann teacht ar sheift innealtóireachta chun réiteach a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcuid oirthearach de Sheachród Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006)? 31**

CONCLÚID 36

**7 Cén fáth N6 GCRR a roghnú? 37**

**8 An Réiteach agus na Tairbhí a ghabhann leis 46**

## Aguisíní

MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG
AN mBORD PLEANÁLA

AR CEADÚ I nDÁIL LE (I) CUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MHÓTARBHEALACH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2918; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR COSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

Freagra ar Fhiosruithe a ardaíodh i Modúl 2 den Éisteacht ó Bhéal maidir le

Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

I leith an bhreithnithe faoi

Seachród Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe mar réiteach ar an bhfadhb iompair i nGaillimh agus sa cheantar máguaird

le

Arup: Eileen McCarthy & Mary Hurley

**15 Deireadh Fómhair 2020**

# 1 Réamhrá

1.1 Sa fhreagra seo, leagtar amach an breithniú a rinneadh ar Sheachród Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006 GCOB) le linn an mheasúnaithe ar mhalairtí le haghaidh réiteach iompair do Chathair na Gaillimhe agus le haghaidh an cheantair máguaird agus ar na cúiseanna nach gcomhlíonann sé cuspóirí an tionscadail agus nach mbeadh sé, agus nach bhfuil sé, ina mhalairt inmharthana.

1.2 Le linn na héisteachta ó bhéal go dtí seo, thug cuid mhór agóideoirí le fios gurbh é ba cheart a bheith ann mar rogha is fearr ná Rogha Bealaigh 2006 GCOB fiú amháin gurbh amhlaidh (i) nach bhfuair an chuid thiar de ceadú ón mBord Pleanála sa bhliain 2018 mar gheall ar thionchair ionchasacha ar an gcomhshaol i NHA Choimpléasc Phortach Mhaigh Cuilinn agus (ii) gur tháinig na Cúirteanna Eorpacha ar an gconclúid sa deireadh go mbeadh tionchar dochrach ag an gcuid thoir de Rogha Bealaigh 2006 GCOB ar iomláine sCAC Loch Coirib.

1.3 Tugadh le fios freisin, le linn na héisteachta ó bhéal go bhféadfaí teacht ar réiteach ar na saincheisteanna sin a bhain le Rogha Bealaigh 2006 GCOB.

1.4 I Roinn 2 den fhreagra seo tugtar achoimre ar an gcomhthéacs inar forbraíodh 2006 GCOB i gcomparáid leis an tslí inar forbraíodh Cuarbhóthar N6 reatha Chathair na Gaillimhe (GCRR), á chur san áireamh go bhfuil beagnach fiche bliain caite idir an dá linn agus go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar an teicneolaíocht agus ar an mbeartas pleanála freisin. Tá cuspóirí an tionscadail, ar dá réir a mheasúnaítear gach rogha ionchasach, le fáil i Roinn 3.3 den Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus atáirgtear iad, mar áis tagartha, i Roinn 3 den fhreagra seo.

1.5 I Roinn 4 den fhreagra seo, tugtar achoimre ar an measúnacht ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB agus, i Roinn 5, tugtar achoimre ar an measúnacht a rinneadh ar Rogha Bealaigh Chian (ar modhnú é ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB a forbraíodh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhain leis an diúltú ag ABP i leith na coda thiar de Rogha Bealaigh 2006 GCOB agus chun feabhas a chur ar nascacht ar an taobh thoir de Rogha Bealaigh 2006 GCOB). I Roinn 6, tugtar mionsonraí i dtaobh cén fáth nach bhféadfaí teacht ar réiteach le haghaidh na coda thoir de Rogha Bealaigh 2006 GCOB chun maolú a dhéanamh ar a cuid tionchar dochrach ar an láithreán Eorpach. Ar deireadh, tar éis plé a dhéanamh ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB agus ar mhodhnú air sin, mar atá, Rogha Bealaigh Chian agus réiteach ionchasach innealtóireachta i ndáil le cSAC Loch Coirib, tugtar léiriú i Roinn 7 i dtaobh cén fáth gur roghnaíodh N6 GCRR mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb iompair i nGaillimh agus i dtaobh conas a dhéanfar amhlaidh.

# 2 An Comhthéacs inar forbraíodh 2006 GCOB i gcomparáid le forbairt N6 GCRR

2.1 Sa bhliain 2014, nuair a bhí tús á chur leis an obair mheasúnachta maidir le réiteach ionchasach ar an bhfadhb iompair a bhfuil an t-iarratas seo á dhéanamh chuig ABP ina leith, ba ghá, i gcomhréir leis an gCreat Comhchoiteann Measúnaithe ("CAF"), measúnú a dhéanamh i dtaobh arbh ionann airgead poiblí a infheistiú i réiteach na bhfadhbanna iompair i nGaillimh agus luach ar airgead. An tráth sin ba ghá an fhadhb a bhí le réiteach a shainiú go soiléir agus na cuspóirí a bhí le baint amach a shainaithint go soiléir. B'éigean don fhoireann dearthóireachta tosú as an nua ar fad - rud a rinneadh - ach bhí tacair shonraí daonra níos eolasaí acu ná mar a bhí ar fáil tráth forbartha thionscadal 2006 GCOB i dtaca le mionsonraí faoi áiteanna oibre agus áiteanna oideachais agus faoi áiteanna cónaithe de agus bhí uirlisí múnlúcháin níos eolasaí acu ná mar a bhí ar fáil an tráth sin.

2.2 Chun an anailís ar chúrsaí tráchta a rinneadh chun eolas a bhailiú le haghaidh 2006 GCOB a chur i gcrích, baineadh úsáid as suirbhéanna láimhe cois bóthair ar áit tosaithe turais agus ar cheann scríbe an turais ar suirbhéanna iad a rinne an Garda Síochána ar gach deichiú feithicil. Os a choinne sin, bhí sonraí Dhaonáireamh 2011 ag foireann deartha an tionscadail agus thug na sonraí sin mionsonraí faoin áit oibre agus faoin áit oideachais (POWSCAR) i ndáil; le gach uile theach cónaithe i limistéar an staidéir.

2.3 Ní raibh an tsraith mhúnlúcháin tráchta a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar thionchair thráchta ar mhaithe le heolas a bhailiú do thionscadal 2006 GCOB in ann iompar poiblí nó nósmhaireachtaí siúil nó rothaíochta a mhúnlú. De bhreis air sin, ní raibh na criosanna a bhí ann sa mhúnla sách mion i dtaca leis an gcathair de le go bhféadfaí tuiscint a fháil ar an tionchar ionchasach a d'fhéadfadh an tionscadal a imirt ar shráideanna ar leithligh sa chathair.

2.4 De réir mar a bheifí ag súil leis, tá forbairt mhór déanta ar theicníochtaí múnlúcháin ó bhí an bhliain 2006 ann. Ba é a bhí sa mhúnla iompair a bhí ar fáil chun tástáil a dhéanamh ar chúinsí sa bhliain 2014 ná Múnla Réigiún an Iarthair, ar múnla straitéiseach ilmhódúil iompair é le haghaidh chontae na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh, Liatroma agus Dhún na nGall, agus tá sé in ann múnlú a dhéanamh i ndáil le nósmhaireachtaí siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí agus, chomh maith leis sin, i ndáil le turais i ngluaisteáin phríobháideacha.

2.5 Mar thoradh ar an leibhéal sin sonraí, agus ar theicníochtaí múnlúcháin de chineál níos sofaisticiúla, sainaithníodh nach raibh na fadhbanna plódúcháin a bhí ann i nGaillimh inchurtha go príomha ar thrácht a bhféadfaí é a atreorú thart ar an gcathair. D'ardaigh sé sin an cheist i dtaobh an réiteodh seachbhóthar an fhadhb. Dá bhrí sin, i bhfianaise tuiscint níos fearr ar an bhfadhb iompair agus i gcomhréir le ceanglais CAF, rinneadh cuspóirí tionscadail, mar aon le spriocanna feidhmíochta

sonracha, a shainiú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe sa chaoi go mbeadh sé an-soiléir cad a bheadh i gceist le scóip an tionscadail as sin amach. Is ceart a lua gur áirigh na cuspóirí sin caomhnú pobal seanbhunaithe agus, chomh maith leis sin, féachaint le híoslaghdú a dhéanamh ar thionchair ar láithreáin ainmnithe éiceolaíochta. Ag gach céim den tionscadal rinneadh measúnú ar roghanna ionchasacha i gcomhthéacs na gcuspóirí tionscadail comhaontaithe sin chun a fháil amach an gcuirfí ar aghaidh tuilleadh iad.

2.6 De bhreis air sin, tá athrú tagtha ar an mbeartas pleanála, go háirithe tar éis thabhairt isteach an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF), agus tá Cathair na Gaillimhe agus Contae na Gaillimhe tar éis forbairt ar bhealach nach ionann agus an méid atá leagtha amach i Staidéar Pleanála Iompair na Gaillimhe (GTPS) 2001, ar staidéar é a úsáideadh mar ábhar eolais le haghaidh thionscadal 2006 GCOB. Rinneadh an múnla tráchta le haghaidh thionscadal 2006 GCOB a uasdátú chun léiriú a thabhairt ar roinnt athruithe a bhí tagtha ar úsáid talún sa bhliain 2004 ach lean an contae agus an chathair de bheith ag imeacht ón GTPS agus ní hionann na toimhdí maidir le húsáid talún a bhfuil an múnlú tráchta le haghaidh N6 GCRR bunaithe orthu agus na toimhdí atá ann le haghaidh 2006 GCOB.

2.7 Seo a leanas nithe ar díol suntais iad ón tráth a forbraíodh Staidéar Pleanála Iompair na Gaillimhe (GTPS) 2001, ar staidéar é ar forbraíodh 2006 GCOB dá réir:

- Rinneadh an bailiú sonraí tosaigh le haghaidh 2006 GCOB a chur i gcrích sa bhliain 1997, is é sin le rá, sula raibh sonraí POWSCAR ann. Dá bharr sin, ríomhadh Áit Tosaithe Turais/Ceann Scríbe ar bhonn sampla measartha beag suirbhéanna cois bóthair.
- Bhí ceantar na nArdán ina chuid shuntasach den GTPS agus bhí an fhorbairt le bheith dírithe ar an taobh thoir den chathair agus bhí conair mhaith iompair phoiblí le bheith ann. Bhí sé mar sprioc de chuid na forbartha go mbeadh 18,000 duine ina gcónaí agus ag obair sna hArdáin faoin mbliain 2016 agus dhá thrian den líon sin lonnaithe i gcuid an chontae de na hArdáin agus trian de i gcuid na cathrach de na hArdáin. Ach leanadh den fhorbairt ar an taobh thiar den chathair agus, ar mhodh gathach, amach as an gcathair ó bhí an bhliain 2004 ann seachas forbairt a dhéanamh ar na hArdáin.
- Bhí an méadú ar an bhfostaíocht sa Pháirc Mhór go mór níos mó ná mar a samhlaíodh sa GTPS agus sin an fáth nár chuir 2006 GCOB acomhal ar fáil ar an N83-Bóthar Thuama agus go bhfuil acomhal chomh tábhachtach sin agus go bhfuil sé san áireamh san N6 GCRR.

2.8 Ó tharla nach ndearnadh an patrún forbartha ar forbraíodh 2006 GCOB chun fónamh dó a chur i gcrích, níorbh é 2006 GCOB an réiteach ceart i gcomhthéacs fhírinne iarbhír fhorbairt iarbhír na cathrach agus an chontae. Léiríodh an méid sin go soiléir le linn chéim roghnúcháin N6 GCRR, rud a phléitear i Roinn 4 thíos agus a thugann fianaise ar an

réasúnú soiléir atá ann i dtaobh cén fáth nár leanadh de 2006 GCOB chuig céime na roghanna bealaigh deiridh a breithníodh.

2.9 Cé gur aithníodh gur lú an méid tionchar a bheadh ag 2006 GCOB ar úinéirí tí, ar phobail agus ar thaitneamhachtaí, agus gur lú an méid scartála a dhéanfaí, níor chomhlíon sé cuspóirí an tionscadail mar atá leagtha amach i Roinn 3, ná ní fhéadfadh sé na cuspóirí sin a chomhlíonadh, agus bhain roinnt easnamh suntasach leis mar atá leagtha amach go soiléir i Roinn 4.

# 3 Cuspóirí an Tionscadail

3.1 Chun breithniú a dhéanamh ar 2006 GCOB, ar Rogha Bealaigh Chian (2006 GCOB modhnaithe) agus, ar deireadh, ar N6GCRR, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar chuspóirí foriomlána an réitigh ar an bhfadhb iompair.

3.2 Mar atá leagtha amach i Roinn 1.5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, is í uaillmhian fhoriomlán an tionscadail roinnt cuspóirí sonracha a bhaint amach i ndáil le roinnt catagóirí ilchritéar. Trí bhreithniú a dhéanamh ar na cuspóirí faoi na ceannteidil sin, tá sé beartaithe scéim a sholáthar atá tarraingteach do chách, a chuireann réiteach ar fáil ina n-áirítear gné ar leith a bhaineann le cúrsaí bóthair (mar chuid den réiteach foriomlán ar chúrsaí iompair), a thairbhíonn do dhaonra áitiúil agus do dhaonra réigiúnach ginearálta na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair agus a chuireann san áireamh an comhshaol íogair atá fite fuaite sa limistéar. Is iad seo a leanas na ceannteidil ilchritéar:

(a) Geilleagar

(b) Sábháilteacht

(c) Comhshaol

(d) Rochtain & Uilechuimsitheacht Shóisialta

(e) Comhtháthú.[1]

3.3 Tugtar mionsonraí anseo thíos faoi na cuspóirí sonracha faoi gach ceann ar leith de na ceannteidil a áirítear sa Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh.

3.4 Áirítear an méid seo a leanas i gcuspóirí na scéime a bhaineann le ***'Geilleagar'***:

- Forbairt áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagadh
- Faid turais a laghdú
- Cinnteacht faoi fhad turais a mhéadú
- Tacú le feidhmíocht eacnamaíochta Thairseach na Gaillimhe mar an t-aon fhostóir mór sa réigiún

1 Rinneadh na ceannteidil ilchritéar sin a roghnú de réir Threoirlínte na Roinne Iompair maidir le *Creat Comhchoiteann Measúnaithe i ndáil le Tionscadail agus Cláir Iompair, Meitheamh 2009*, ar creat é a bhí i bhfeidhm tráth ullmhaithe na Tuarascála maidir le Roghnú Bealaigh. Uasdátaíodh an Creat sin ina dhiaidh sin i Márta 2016 chun critéar breise maidir le Gníomhaíocht Fhisiciúil a chur leis agus cuireadh an critéar sin san áireamh le linn ceapadh chuspóirí an tionscadail mar atá leagtha amach i Roinn 3.3 den EIAR. Ba é ab aidhm do na cuspóirí Roghnúcháin Bealaigh i ndáil le 'Rochtain' agus 'Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Comhtháthú' araon ná aghaidh a thabhairt ar na bearta as a leanfadh gníomhaíocht fhisiciúil mhéadaithe, á chinntiú, ar an dóigh sin, go ndéanfaí an ceanglas sin a chur san áireamh i ngach rogha a mheasúnófaí ina dhiaidh sin.

- Tairbhí a chur ar fáil don bhonneagar iompair
- Nascacht le Tairseach na Gaillimhe a fheabhsú
- Feabhas a chur ar na naisc idir an taobh thiar agus an taobh thoir den chontae
- Tionscadal cost-éifeachtach a chur i gcrích

3.5 Áirítear an méid seo a leanas i gcuspóirí na scéime a bhaineann le ***'Sábháilteacht'***:

- An tréthrácht a dheighilt ón trácht uirbeach
- Laghdú a dhéanamh ar imbhuailtí tráchta bóthair
- Sráideanna uirbeacha níos sábháilte a sholáthar

3.6 Áirítear an méid seo a leanas i gcuspóirí na scéime a bhaineann le ***'Comhshaol'***:

- Íoslaghdóidh an scéim atá beartaithe na tionchair ar iomláine na láithreán Natura 2000 ainmnithe uile
- Tríd an scéim atá beartaithe, féachfar le tionchair ar Shéadchomharthaí Náisiúnta a sheachaint
- Ní dhéanfaidh an scéim atá beartaithe dochar míchuí d'oidhreacht ailtireachta, chultúir nó teanga an cheantair
- Déanfar tábhacht an tírdhreacha láithrigh a chur san áireamh go cuí sa scéim atá beartaithe
- Tríd an scéim atá beartaithe, féachfar le pobail sheanbhunaithe atá ann a chaomhnú
- Tríd an scéim atá beartaithe, féachfar le tionchar torainn ar ghabhdóirí íogaire, agus le tionchar ar an aer thart ar ghabhdóirí íogaire, a laghdú

3.7 Áirítear an méid seo a leanas i gcuspóirí na scéime a bhaineann le ***'Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta'***:

- Rochtain ar Chathair na Gaillimhe a fheabhsú
- Idirnascadh ghréasán bóithre Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird leis an ngréasán náisiúnta mótarbhealaí
- An rochtain atá ag a phríomh-mhargaí ar limistéar uirbeach na Gaillimhe a fheabhsú
- An rochtain atá ag ceantair Ghaeltachta ar an gcuid eile den chontae agus den tír a fheabhsú
- An míbhuntáiste i gceantair Ghaeltachta a laghdú
- Beartais inbhuanaithe iompair a chur i bhfeidhm i gcás turais

ghearra comaitéireachta

- Timpeallacht uirbeach lár Chathair na Gaillimhe a fheabhsú
- Tacú le feabhsú an mhoil iompair phoiblí a nascann Gaillimh le Tairseacha eile
- Tacú leis na straitéisí reatha maidir le forbairt agus maidir le lonnaíocht

3.8 Áirítear an méid seo a leanas i gcuspóirí na scéime a bhaineann le ***'Comhtháthú'***:

- Tacú le mais chriticiúil ionad réigiúnach daonra a fhorbairt
- Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird (lena n-áirítear codanna iartharacha de Chontae na Gaillimhe) a chomhtháthú isteach sa chlár oibre náisiúnta forbartha eacnamaíochta
- Tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta, de chineál cothromaithe, ar leibhéal náisiúnta
- Tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta, de chineál cothromaithe, ar leibhéal cathrach/réigiúnach
- Tuiscint a fháil ar na brúnna, ó thaobh cúrsaí forbartha, úsáid talún agus cúrsaí iompair, i limistéar uirbeach na Gaillimhe agus ar thionchar na mbrúnna sin ar réigiún cathrach a sholáthar go rathúil i nGaillimh
- Acmhainneacht na Gaillimhe mar an ceathrú cathair is mó de chuid na hÉireann agus mar ionad tábhachtach cónaithe, oideachais, fostaíochta agus seirbhíse le haghaidh cúlchríoch fhairsing a bhaint amach, agus í ag rannchuidiú leis an ordlathas náisiúnta uirbeach
- Aitheantas a thabhairt do ról Chathair na Gaillimhe mar thairseach an iarthair agus mar thairseach Chonamara agus do na tairbhí iarmhartacha socheacnamaíochta a bhaineann le nascacht fheabhsaithe Chathair na Gaillimhe le margaí náisiúnta, le rochtain fheabhsaithe ó thaobh na turasóireachta de, agus leis an gcóras náisiúnta iompair
- Feabhas a chur ar ghréasán TEN-T chun nascacht iarthar na hÉireann leis an margadh Eorpach aonair a chinntiú

# 4 Measúnacht ar 2006 GCOB mar réiteach ionchasach?

## 4.1 Réamhrá

4.1.1 Sa roinn seo den fhreagra, leagtar amach an mheasúnacht ar an leagan bunaidh de Sheachród Seachtrach Chathair na Gaillimhe 2006 (2006 GCOB) agus úsáid á baint as na critéir chéanna agus as an maitrís mheasúnachta chéanna a úsáideadh i ndáil leis na roghanna bealaí go léir eile a breithníodh mar chuid de phróiseas roghnaithe an bhealaigh. De réir na fianaise atá leagtha amach anseo thíos, is léir nach gcomhlíonann Rogha Bealaigh 2006 GCOB cuspóirí an tionscadail ar bhonn na húsáide talún reatha agus ar bhonn na srianta reatha.

## 4.2 Tuairisc an Bhealaigh

4.2.1 Tosaíonn Rogha Bealaigh 2006 GCOB ag an R336, áit a bhfuil acomhal timpealláin de réir gráid ann tuairim is 2km siar ó Bhearna agus téann sé ó thuaidh ansin thart ar Na Foraí Maola agus ó dheas ó Loch Inse agus tá acomhal timpealláin de réir gráid ann ar Bhóthar Bhearna-Mhaigh Cuilinn. Téann sé soir ansin a fhad leis an gCeapach agus tá nascbhóthar ann a cheanglaíonn an phríomhlíne leis an timpeallán láithreach ag acomhal Bhóthar na Ceapaí agus an Bhóthar Dáileacháin an Iarthair. Leanann an phríomhlíne soir ó thuaidh uaidh sin trí Thóin na Brocaí, trí Ghort an tSléibhe agus tríd an gCillín, áit a bhfuil acomhal grád-scartha leis an N59. Téann sé thart ar thaobh thuaidh Mhainistir Glenlo, iompaíonn sé soir ó dheas ansin agus téann sé trasna Abhainn na Gaillimhe ar dhéanmhas droichid idir Sráidbhaile Mhionlaigh agus Caisleán Mhionlaigh.

4.2.2 Téann Rogha Bealaigh 2006 GCOB thar Bhóthar Mhionlaigh agus téann sé ó thuaidh i dtreo Bhaile an Dúlaigh. Tá acomhal grád-scartha ann siar ó Bhaile an Dúlaigh agus tá an N84 athailínithe chun ceangal a dhéanamh leis an bpríomhlíne anseo. Leanann Rogha Bealaigh 2006 GCOB ar aghaidh soir, téann sé ó thuaidh chun dul thart ar an bPoll Caoin agus ar Dhíog an Dá Mhíle, agus téann sé faoin N83 gan ceangal a bheith ann. Téann sé soir ó dheas ansin, téann sé faoin R339 i mBaile an Teampaill agus téann sé i gceangal leis an N6 láithreach soir ó Chúil Each. Cuireadh measúnacht ar an rogha bealaigh sin san áireamh in Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh agus, sa mheasúnacht sin, leanadh an mhodheolaíocht chéanna a úsáideadh le haghaidh na roghanna bealaigh go léir a measúnaíodh i gCéim 1 [2]de Phróiseas Roghnúcháin na Roghanna Bealaigh.

[2]De réir Threoirlínte TII maidir le dul i mbun Chéim 2 de Roghnú Bealaigh, ceanglaítear próiseas dhá chéim a bheith ann le linn scagadh a dhéanamh ar roghanna. Tugtar Céim 1 - Réamh-Mheasúnacht ar Roghanna Bealaigh ar an gcéad chéim agus, lena linn sin, is gá measúnacht


4.2.3 I bhFíor 4.1, taispeántar Rogha Bealaigh 2006 GCOB, i gcomparáid le N6 GCRR.

4.2.4 In Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, cuirtear i láthair measúnacht innealtóireachta agus timpeallachta ar 2006 GCOB.

---

chomparáideach a dhéanamh faoi na ceannteidil seo a leanas: innealtóireacht, comhshaol agus geilleagar.

**Fíor 4.1: 2006 GCOB agus N6 GCRR**



## 4.3 Measúnacht Innealtóireachta & Tráchta

4.3.1 I Roinn 2 d’Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, cinneadh gur rogha bealaigh fhéideartha í Rogha Bealaigh 2006 GCOB ó thaobh na hinnealtóireachta de.

4.3.2 Ach níor chuir sí nasc ar fáil leis an N17 (a athainmníodh mar N83 ina dhiaidh sin), ar bóthar náisiúnta é, agus, dá bharr sin, ba lú an leibhéal nascachta a bhí ann i gcomparáid leis na malairtí a breithníodh mar chuid de Chéim 1 den mheasúnacht ar roghanna.

4.3.3. Cé gur thaispeáin múnlú tráchta Rogha Bealaigh 2006 GCOB (inar úsáideadh an múnla céanna tráchta a úsáideadh i leith na sé rogha ar fad a breithníodh sa Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh) go soláthraíonn an rogha seo faoiseamh áirithe don ghréasán bóithre láithreach i nGaillimh (féach Tábla 4.1 d’Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh), ní sholáthraíonn sé faoiseamh go feadh an méid céanna a thairgeann roghanna eile. Mar shampla, ní sholáthraíonn sé ach mionfhaoiseamh don staid láithreach maidir le (i) Droichead na gCúig Chéad, (ii) Bóthar Shéamais Uí Chuirc, (iii) Bóthar Dáileacháin an Iarthair, (iv) Bóthar na Trá, (v) Bóthar Bhaile an Rí etc.

4.3.4 Ina theannta sin, bhí sí níos measa, ó thaobh cúrsaí feidhmíochta de, ná an chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar (EPRC) a forbraíodh ina dhiaidh sin mar N6 GCRR ar an N6 láithreach sa chomharsanacht idir an N84 agus an N83 rud a rinneadh, b’fhéidir mar gheall ar easpa acomhail ar an N83.

4.3.5 Mar áis tagartha, déantar sliocht as Tábla 4.1 d’Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh a atáirgeadh anseo thíos. Tá colún breise curtha leis an tábla sin, ar thaobh na láimhe deise, agus tá mionsonraí le fáil sa cholún sin maidir leis na réamh-mheastacháin tráchta i leith na conaire bealaigh is dealraithí a roghnófar (EPRC) ag na suíomhanna céanna. Baineadh na figiúirí RPRC AADT sin as Tábla 7.5.1 d’Aguisín A.3.1. den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh.

4.3.6 Nuair a chuirtear réamh-mheastachán AADT maidir le Rogha Bealaigh 2006 GCOB sa bhliain 2034 i gcomparáid le réamh-mheastachán AADT maidir le EPRC sa bhliain 2034, soláthraíonn EPRC faoiseamh níos mó do na naisc ar an ngréasán bóithre láithreach. Is iad na feabhsuithe is suntasaí maidir le trácht a bhaint amach as an gcathair, agus, dá bharr sin, maidir le modhanna taistil níos inbhuanaithe a éascú, na feabhsuithe ar Dhroichead na gCúig Chéad, áit a bhfuil feabhsú 16%, ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc, áit a bhfuil feabhsú 34%, i Sráidbhaile Bhearna, áit a bhfuil feabhsú 24%, agus ar an N6/Bóthar na dTreabh, áit a bhfuil feabhsú 21%, mar thoradh ar an EPRC nuair a dhéantar comparáid idir é agus Rogha Bealaigh 2006 GCOB.

4.3.7 Tá trácht a bhaint amach as lár na cathrach, sráideanna uirbeacha níos sábháilte a sholáthar agus trácht ar féidir é a atreorú a dheighilt ó thrácht atá ag dul isteach sa chathair ina gcuspóirí de chuid an tionscadail. Ó

thaobh cúrsaí tráchta de, is fearr feidhmíocht EPRC, a forbraíodh ina dhiaidh sin mar N6 GCRR, na feidhmíocht Rogha Bealaigh 2006 GCOB.

**Tábla 4.1: Figiúirí AADT i leith Rogha Bealaigh 2006 GCOB (Sliocht as Tábla 4.1 d'Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh don bhliain 2034) agus Figiúirí EPRC AADT (a baineadh as Tábla 7.5.1 d'Aguisín A.3.1 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh)**

| Suíomh | An tÍosmhéid a Dhéanamh 2034 | 2006 GCOB 2034 | EPRC 2034 |
|---|---|---|---|
| Droichead na gCúig Chéad | 34,800 | 34,100 | 28,600 |
| Droichead na mBradán | 16,700 | 15400 | 14500 |
| O'Brien's Bridge | 9,100 | 8300 | 7600 |
| Droichead Wolfe Tone | 20,800 | 18200 | 17000 |
| Sráidbhaile Bhearna | 13,400 | 7300 | 5500 |
| Bóthar Shéamais Uí Chuirc | 11,500 | 8700 | 5700 |
| Bóthar Áth Cinn (idir Acomhal na mBoidicíneach agus Timpeallán na gCiarabhánach) | 29,900 | 31300 | 32000 |
| Bóthar na dTreabh (idir N84 agus N17 i.e. N83) | 33,800 | 25700 | 20200 |
| Bóthar Bhaile Átha Cliath (idir Acomhal Mhóinín na gCiseach agus Timpeallán Skerritt) | 18,600 | 18400 | 18300 |

## 4.4 Measúnacht Timpeallachta

4.4.1 I Roinn 3 d'Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, tugtar mionsonraí faoin measúnacht timpeallachta ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB agus tá torthaí na measúnachtaí sin leagtha amach anseo thíos faoi cheannteidil ar leithligh.

### *Éiceolaíocht*

4.4.2 Sa mheasúnacht éiceolaíochta, cinneadh an méid seo a leanas: *"Go foriomlán, d'fhéadfadh Rogha Bealaigh 2006 GCOB tionchair dhiúltacha shuntasacha a imirt ar cSAC Loch Coirib agus ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn.*

4.4.3 *B'ionann cailleadh ghnáthóga QI i cSAC Loch Coirib a bhaineann leis an rogha bealaigh seo agus éifeacht dhochrach ar iomláine an láithreáin Eorpaigh seo, rud atá bunaithe ar bhreithiúnas AE roimhe seo ó tharla go bhfuil an t-ailíniú a dhéantar anseo ar aon dul le 2006 GCOB. Dá bhrí sin, le go bhféadfar Rogha Bealaigh 2006 GCOB a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála de réir cheanglais Airteagal 6(4) de Threoir AE maidir le Gnáthóga, caithfidh sé nach bhfuil aon mhalairtí féideartha ann agus, d'ainneoin an tionchair réamh-mheasta, ní mór cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh a bheith ann chun an rogha a chur ar aghaidh. Taobh amuigh de na tionchair ar láithreáin ainmnithe,*

*ba dhóigh freisin go n-imreodh Rogha Bealaigh 2006 GCOB tionchair shuntasacha ar limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I, ar an speiceas planda Ceannbhán caol atá cosanta le dlí, ar an bhFritileán réisc, ar an Scréachóg reilige agus ar raon gabhdóirí íogaire éiceolaíochta eile, a bhfuil cuid mhór díobh liostaithe in Iarscríbhinn II agus/nó in Iarscríbhinn IV de Threoir AE maidir le Gnáthóga.*

### *Ithreacha agus geolaíocht*

4.4.4 Tá suíomh an droichid thar Abhainn na Gaillimhe ina ghné an-diúltach i dtaca leis an tionchar ithreacha agus ar gheolaíocht de ó tharla go bhfuil ithreacha boga agus ithreacha móna ann sa limistéar lena mbaineann.

4.4.5 Sa mheasúnacht ar ithreacha agus ar gheolaíocht, cinneadh go mbeadh na tionchair seo a leanas ann.

**Tábla 4.2: Measúnacht ar thionchair ithreacha agus geolaíochta i leith Rogha Bealaigh 2006 GCOB (Sliocht as 3.3.3 d'Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh)**

| *Saintréith* | *Tábhacht na saintréithe* | *Tionchar* | *Leibhéal an tionchair* |
|---|---|---|---|
| *Ithreacha talmhaíochta - an taobh thiar den scéim* | *Íseal* | *Cailleadh ithreach ísealtorthúlachta i gcuid theoranta den bhealach* | *Mionghné dhiúltach* |
| *Ithreacha talmhaíochta - an taobh thoir den scéim* | *Meánach* | *Cailleadh ithreach meántorthúlachta i gcuid theoranta den bhealach* | *Mionghné dhiúltach* |
| *Nochtadh na buncharraige eibhir* | *Meánach* | *Beidh domhainghearradh a nochtann an bhuncharraig ina chúis le méadú na hoidhreachta geolaíochta* | *Mionghné dhearfach* |
| *Ithreacha móna/boga - an chuid thiar den scéim* | *Meánach* | *Is dóigh go mbeidh gá le tochailt agus athsholáthar i gcás sil-ligin éadoimhne Chun móin agus ithreacha boga a dhiúscairt, is gá láithreán oiriúnach diúscartha a shainaithint* | *Measartha diúltach* |
| *Móin/ithreacha boga - an droichead trasna na habhann* | *Ard* | *Feabhsú forleathan talún agus/nó tochailt agus ithreacha boga a ionadú Is dóigh go mbeidh gá le hoibreacha sealadacha forleithne le linn an droichead a thógáil* | *Mórghné dhiúltach* |
| *Aolchloch charstach* | *Meánach* | *D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le teacht ar réitigh bhreise innealtóireachta le haghaidh tréithe carstacha chun leibhéal inghlactha riosca a chinntiú don bhealach i rith a shaolré deartha* | *Measartha diúltach* |

| ***Saintréith*** | ***Tábhacht na saintréithe*** | ***Tionchar*** | ***Leibhéal an tionchair*** |
|---|---|---|---|
| *Cairéal Cloch Bóthair* | *Ard* | *Aimridiú ionchasach codanna teoranta an chairéil Is dóigh go modhnófar na teicníochtaí eastósctha* | *Mórghné dhiúltach* |

## *Hidrigeolaíocht*

4.4.6 Mar thoradh ar an measúnacht hidrigeolaíochta cinneadh *"go roinneann geolaíocht an réigiúin an tsaintréithiúlacht hidrigeolaíochta idir an taobh thiar agus an taobh thoir den limistéar staidéir. San iarthar, aicmítear an t-eibhear foshrathnaithe mar uiscíoch lag, ach tá na carraigeacha criostalta íseal-tréscaoilteachta tábhachtach ós rud é go gceapann siad screamhuisce éadomhain, á choimeád san áit a bhfuil sé rud a choimeádann ardleibhéal uisce ar marthain a chothaíonn gnáthóga atá ag brath ar uisce amhail an ghnáthóg ag Portach Thóin na Brocaí. Téann Rogha Bealaigh 2006 GCOB trí roinnt gnáthóg bogaigh, lena n-áirítear Tóin na Brocaí agus ar dóigh dóibh tionchair mhóra a imirt ar an screamhuisce ceaptha mar gheall ar topagrafaíocht charraige a bhaint amach, ar topagrafaíocht í a choimeádann leibhéal an uisce ar bun agus a chothaíonn an éiceolaíocht.*

4.4.7 *Tá screamhuisce an-leochaileach ann san uiscíoch carstach sa chuid thoir, ar uiscíoch é atá tábhachtach ar bhonn réigiúnach, agus áiríonn sé gnéithe screamhuisce lena ngabhann leanúnachas séasúrach i dtaca le cúrsaí screamhuisce de. D'fhéadfadh riosca suntasach a bheith ann do Lochanna Chúil Each agus do Loch Bhaile an Dúlaigh mar thoradh ar ghearradh bóthair suas an ghrádán agus ba ghá é sin a mheasúnú i leith tionchair íostarraingthe.*

## *Hidreolaíocht*

4.4.8 Cinneadh an méid seo a leanas sa mheasúnacht hidreolaíocht: *"Meastar nach bhfuil Rogha Bealaigh 2006 GCOB inghlactha ós rud é go bhfuil seans ann go mbeidh sé ina chúis le tionchar suntasach hidreolaíochta ar Bhratphortach gníomhach Iarscríbhinn 1 [*7230] agus ar fhraochmhánna fliucha Atlantaigh Thuaidh ina bhfuil gnáthóg Erica tetralix [4010] atá bainteach le NHA Phortach Mhaigh Cuilinn,*

4.4.9 *Meastar nach bhfuil an bealach seo inghlactha ó thaobh cúrsaí hidreolaíochta de rud é go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le tionchar suntasach hidreolaíochta ar ghnáthóga Iarscríbhinn 1 atá bainteach le NHA Phortach Mhaigh Cuilinn i dTóin na Brocaí áit a dtéann sé trí lár an phortaigh sin feadh achar tuairim is 700m go 750m. Ina theannta sin, téann sé trí ghnáthóga atá íogair ó thaobh cúrsaí uiscíocha de agus atá bainteach le Fraochmhá fhliuch agus le Bratphortach i gCúil Each (EC19, EC20) agus le EC24 agus crios bruachánach cSAC Loch Coirib. Síneann an rogha bealaigh feadh achar fada taobh le tuilemhá Abhainn na Gaillimhe agus le crios tuile ardriosca. Is é a bheadh i rian na dearthóireachta sa chrios tuile 100 bliain ná tuairim is 1.9km."*

### *Tírdhreach agus cúrsaí amhairc*

4.4.10 Mar thoradh ar an measúnacht tírdhreacha agus amhairc cinneadh an méid seo a leanas: *"Is lú líon na dtionchar suntasach agus na dtionchar forleathan atá ag Rogha Bealaigh 2006 GCOB ar mhaoin, ó thaobh cúrsaí amhairc de, ná mar atá ag roghanna eile a breithníodh mar chuid de mheasúnacht Chéim 1 ar na roghanna - is amhlaidh an scéal mar gur ailíniú de chineál níos tuathúla atá i gceist léi, is é sin le rá, mar do dtéann sé trí Thóin na Brocaí, trí Glenlo, trí Mhionlach agus thar thaobh thoir na Páirce Móire. Os a choinne sin, is mó an tionchar atá ag an mbealach sin ar an tírdhreach ná mar is fíor i gcás bealaí eile, go háirithe mar thoradh ar an tionchar ar Loch Inse, ar Thóin na Brocaí, ar Mhainistir Glenlo agus ar shuíomh chonair Abhainn na Gaillimhe agus mar thoradh ar ghearrthacha ar an gclaífort, ar an diméin agus ar an aibhinne chuig Caisleán Mhionlaigh. Ach is lú an tionchar atá ag an mbealach ar thaobh cois abhann an chaisleáin é féin nuair a dhéantar comparáid leis na roghanna eile bealaigh a scrúdaíodh le linn mheasúnacht Chéim 1 ar na roghanna."*

### *Oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúir*

4.4.11 Mar thoradh ar an measúnacht ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúir cinneadh an méid seo a leanas: *"Bheadh tionchar mór ag Rogha Bealaigh 2006 GCOB ar an acmhainn oidhreachta cultúir. Cé go n-admhaítear go ndearnach cuid mhór de na láithreáin a sainaithíodh i gcomharsanacht na scéime, nó laistigh den chomharsanacht atá go díreach in aice le comharsanacht na scéime, a shainaithint mar chuid de 2006 GCOB EIS agus nach bhfaigheann siad aon chosaint shonrach reachtúil, bheadh tionchar mór ag an mbealach seo ar an acmhainn thaifeadta oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúir. Síneann an limistéar ina mbeadh an tionchar is mó ón gCillín go Mionlach. Is iad saintréithe an limistéir sin tírdhreacha diméine agus tithe móra a bhunaigh daoine de chuid na huasalaicme ar theastaigh uathu leas a bhaint as tírdhreach pictiúrtha Abhainn na Gaillimhe i thart ar a gcuid tithe. Dá bhrí sin, imríonn an rogha bealaigh seo tionchar díreach ar ceithre dhiméin mhóra agus meastar gurb é an tionchar is mó díobh sin an tionchar ar Chaisleán Mhionlaigh. Tá an bealach an-ghar don chaisleán san ionad seo agus scoitheann sé an príomhdhéanmhas go mór de na gnéithe a bhaineann leis. D'imreofaí tionchar an-*diúltach *ar an diméin mar thoradh ar mhéid an scoite sin agus ar chineál agus ar mhéid an tionchair dhírigh.*

4.4.12 *De bhreis ar an tionchar áirithe sin, d'imreodh an bealach sin tionchar mór ar dhéanmhas cosanta amháin (BH 99) agus ar láithreán seandálaíochta taifeadta amháin (AH 4). De réir an réamh-mheastacháin, d'imreofaí tionchar suntasach ar 28 láithreán san iomlána san iomlán, ar tionchair iad a sainaithníodh mar chuid de 2006 GCOB EIS agus le linn na suirbhéireachta geolaíochta a rinneadh maidir leis an mbealach."*

### *Sócmhainní Ábharacha - Talmhaíocht*

4.4.13 Mar thoradh ar an measúnacht maidir le sócmhainní ábharacha - talmhaíocht, cinneadh an méid seo a leanas: "*ghlacfadh Rogha Bealaigh 2006 GCOB tuairim is 207 heicteár agus tá tuairim is 62 heicteár díobh sin aicmithe mar thalamh thalmhaíochta meáncháilíochta/dea-cháilíochta. Tá cáilíocht na talún ar an gcuid is faide siar den bhealach an-íseal ó thaobh cúrsaí talmhaíochta de - bratphortach atá ann go formhór - agus tá leibhéal íseal íogaireachta ann a mhéid a bhaineann leis an gcomhshaol talmhaíochta. Tá leibhéal íseal-meánach íogaireachta ann maidir leis an gcomhshaol talmhaíochta atá ann níos faide soi*r.

### *Cáilíocht an Aeir*

4.4.14 Mar thoradh ar an measúnacht ar cháilíocht an aeir, cinneadh an méid seo a leanas: *"glacann Rogha Bealaigh 2006 GCOB ailíniú a théann i dtreo imeall na cathrach go formhór trasna líon mór bóithre áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil braislí ionad cónaithe an-ghar dóibh ar fad.*

4.4.15 *Tá an tiúchan truailleán a thaifead an EPA go mór laistigh de na caighdeáin i leith cáilíocht aeir agus meastar go bhfuil cumas asamhlaitheach cháilíocht an aeir go maith laistigh de limistéar an staidéir faoin scéim.*

4.4.16 *I gcoitinne, seachnaíonn Rogha Bealaigh 2006 GCOB limistéir agus pobail chónaitheacha ach tá sé suite tadhlach le braislí tithe áit a dtrasnaíonn sé na bóithre áitiúla agus réigiúnacha.*

4.4.17 *Dé bharr na méideanna tráchta a bhfuiltear ag súil leo agus ar chumas asamhlaitheach láithreach limistéar an staidéir faoin scéim, ní dóigh go sárófar aon chaighdeáin i leith cáilíocht aeir mar thoradh ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB.*

### *Torann & Creathadh*

4.4.18 Mar thoradh ar an measúnacht ar thorann agus ar chreathadh, cinneadh an méid seo a leanas: *"go foriomlán, dhéanfadh tionchar ionchasach torainn Rogha Bealaigh 2006 GCOB líon mór áitreabh mar gheall ar a fhad agus ar a ghaireacht do Chathair na Gaillimhe agus do cheantair fho-uirbeacha imeallacha. Cé go bhfuil seans ann go ndéanfaidh an rogha bealaigh seo difear do líon mór áitreabh, is é an rátáil fhoriomlán PIR le haghaidh na rogha bealaigh seo an ceann is ísle i gcomparáid le roghanna eile bealaigh a measúnaíodh mar chuid de mheasúnacht Chéim 1 ar na roghanna. De bhreis air sin, cé go bhfuil líon ard áitreabh ann sna ceantair imeallacha den ailíniú bealaigh, is é an líon áitreabh a comhaireadh laistigh de chomhrian táscach 60dB* $L_{den}$ *an ceann is ísle freisin i gcomparáid leis na roghanna bealaigh eile a measúnaíodh."*

### *Sócmhainní Ábharacha - Neamhthalmhaíocht*

4.4.19 San EIS i leith 2006 GCOB, sainaithníodh go ndéanfaí 8 n-áitreabh a scartáil agus go ndéanfaí áitreabh amháin eile a fháil ar mhaithe le tógáil

agus oibriú 2006 GCOB. Mar thoradh ar mheasúnacht faoi na háitribh nár mhór iad a fháil nó a scartáil ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB, ar measúnacht í inar baineadh úsáid as an modheolaíocht chéanna a úsáideadh don Rogha Bealaigh sin, sainaithníodh 7 gcinn breise i gcomparáid leis an méid a sainaithníodh in 2006 GCOB EIS. Dá bhrí sin, dhéanfaí 16 áitreabh san iomlán a fháil/scartáil chun tógáil agus oibriú Rogha Bealaigh 2006 GCOB a éascú.

4.4.20 Cé gurb é Rogha Bealaigh 2006 GCOB an bealach a bhfuil an líon is lú áitreabh le scartáil/fáil ina leith, is é sin le rá, 16 gcinn feadh fhad iomlán an bhealaigh, ní mór a chuimhneamh nach bhfuair 2006 GCOB ceadú pleanála ó ABP faoin iarratas a rinneadh roimhe seo agus gur diúltaíodh don iarratas mar gheall ar na tionchair ionchasacha ar an gcomhshaol i limistéar pNHA Phortach Thóin na Brocaí. Dá bhrí sin, ní hionann an líon áitreabh atá le fáil/scartáil agus léiriú cruinn ar na tionchair dhóchúla iarbhír a bhainfeadh le scéim mhodhnaithe/athbhreithnithe 2006 GCOB

4.4.21 Déantar an breithniú a rinneadh ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB modhnaithe/athbhreithnithe, arb é Roghanna Bealaigh Ciain é, a phlé i Roinn 5 thíos agus bhí scartáil/fáil 38 n-áitreabh ag teastáil i leith an bhealaigh sin.

4.4.22 De bhreis air sin, ní sholáthródh 2006 GCOB an réiteach is fearr i dtaca le hiompar idirmhódúil de. Mar atá mínithe i Roinn 4.3 thuas, nó sholáthródh Rogha Bealaigh 2006 GCOB faoiseamh i leith plódú tráchta go feadh an méid chéanna le EPRC agus, dá bharr sin, le N6 GCRR, mar gheall ar an leibhéal níos ísle aistrithe tráchta ón gceantar uirbeach atá ann faoi láthair chuig 2006 GCOB. Mar thoradh air sin, is lú an méid spáis a bheadh ar fáil le haghaidh modhanna níos inbhuanaithe amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.

***Daoine***

4.4.23 Mar thoradh ar an measúnacht ar dhaoine, cinneadh an méid seo a leanas: *"I measc na bpríomhthionchair ar Dhaoine ar leibhéal pobail áirítear cailleadh na taitneamhachta 'galf dhá mhaide' ag Loch Inse, tionchair ar chúrsaí taitneamhachta agus geilleagair ag Galfchúrsa Mhainistir Glenlo, agus meascán gearrthacha nua/? i mBaile an Dúlaigh.*

4.4.24 *Seachnaíonn ailíniú seachtrach Rogha Bealaigh 2006 GCOB cuid de na tionchair shocheacnamaíocha a bhaineann le roghanna eile ach is faide na faid turais atá ann dá bharr agus is lú a thábhacht i dtaca le turais idir oirthear agus iarthar na cathrach."*

## 4.5 Achoimre ar an mbreithniú a rinneadh ar 2006 GCOB mar réiteach ar na fadhbanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird

4.5.1 De réir na mionsonraí atá ann in Aguisín A.5.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, níor cuireadh 2006 GCOB ar aghaidh tuilleadh mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ní sholáthraítear nascacht leis an gcathair go feadh an méid is gá chun plódú tráchta a mhaolú go leordhóthanach
- Ní sholáthraítear nascacht leis an N83 (ar a dtugtaí an N17), ar bóthar náisiúnta é agus, dá bharr sin, soláthraítear leibhéal níos ísle nascachta leis an ngréasán bóithre náisiúnta. Is ceart a lua freisin gurbh é a lean as an easpa nascachta sin ná easpa nasc díreach le hionaid thábhachtacha na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh
- Baineann faid turais níos faide leis agus is lú an líon féidearthachtaí a bhaineann leis i dtaca le turais idir an t-oirthear agus an t-iarthar
- Ní éascófaí soláthar an réitigh is fearr maidir le hiompar idirmhódúil
- De réir bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa in Sweetman v An Bord Pleanála, tá tionchar dochrach aige ar iomláine láithreáin cSAC Loch Coirib
- D'fhéadfadh sé go n-imreofar tionchar ar Abhainn Loch Inse arb eol maidir léi go bhfuil Diúilicíní péarla fionnuisce ann síos an sruth
- Tá tionchar suntasach aige ar NHA Choimpléasc Phortach Mhaigh Cuilinn i dtaca le cúrsaí hidrigeolaíochta de i dTóin na Brocaí agus i gcomharsanacht Loch Inse araon
- Tá seans ann go mbeidh tionchar mór aige i leith an riosca tuile i gcomharsanacht Abhainn na Gaillimhe agus a cuid tuilemhánna
- Tá tionchar mór aige ar chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachta cultúir de agus ar luach na taitneamhachta ó thaobh cúrsaí Tírdhreacha agus Amhairc agus Daoine de
- Is lú an líon tionchar atá aige ar phobail agus ar thaitneamhachtaí ach, dá bharr sin, tógfaidh turais amanna níos faide agus is lú na féidearthachtaí atá ann i dtaca le turais idir an t-oirthear agus an t-iarthar
- Dhiúltaigh ABP ceadú pleanála a thabhairt maidir leis an gcuid den bhealach idir an N59 agus an R336 agus, dá bharr sin, bheadh gá le hailíniú malartach i leith na coda sin agus déantar mionbhreithniú air sin i Roinn 5 thíos, is é sin, mionbhreithniú ar Rogha Bealaigh Ciain

## CONCLÚID

Cé gur lú an líon áitreabh a bheadh le fáil agus le scartáil mar thoradh ar Rogha Bealaigh 2006 GCOB ná mar a bheadh i gceist le N6 GCRR, ní bhfuair an chuid iartharach den bhealach ceadú pleanála agus, dá bhrí sin, ní hionann an líon áitreabh atá le fáil/scartáil agus léiriú cruinn ar na tionchair dhóchúla ar mhaoin a bhainfeadh le Rogha Bealaigh mhodhnaithe/athbhreithnithe 2006 GCOB, rud a phléitear i Roinn 5 thíos a mhéid a bhaineann le Rogha Bealaigh Ciain.

Ina theannta sin, de réir bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa faoi 2006 GCOB, bheadh tionchar dochrach ag an gcuid oirthearach ar iomláine cSAC Loch Coirib agus, dá bharr sin, ní fhéadfaí é a chur ar aghaidh ach amháin de bhun Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga agus ní féidir iarratas den sórt sin a chur ar aghaidh ach amháin i gcás nach bhfuil réitigh mhalartacha ann agus, sa chás seo, tá réiteach malartach ann, is é sin le rá, N6 GCRR, ar réiteach é, dar linn, nach mbeidh tionchar dochrach aige ar iomláine cSAC Loch Coirib ná, go deimhin, ar aon Láithreán Eorpach eile.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn N6 GCRR réiteach iompair níos fearr a mhéid a bhaineann leis na saincheisteanna iompair atá ann i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird agus cuireann sé deis ar fáil i ndáil le fás de chineál níos inbhuanaithe i nGaillimh i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus le *Éire 2040*.

# 5 Modhnuithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le Rogha Bealaigh 2006 GCOB - Rogha Bealaigh Ciain

## 5.1 Tuairisc ar Bhealach Ciain

5.1.1 Forbraíodh Rogha Bealaigh Ciain chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhain leis an gcuid iartharach de Rogha Bealaigh 2006 GCOB ar saincheisteanna iad ba chúis leis an diúltú ó ABP i leith na coda sin. Léiríonn an Rogha Bealaigh seo Rogha Bealaigh 2006 GCOB soir ó Abhainn na Gaillimhe (i.e. mar a cheadaigh ABP í sa bhliain 2008) ach tá acomhal grád-scartha curtha léi ar an N83 ag an bpointe trasnaithe. I gcomparáid le 2006 GCOB (i.e. an chuid ar dhiúltaigh ABP di sa bhliain 2008), glacann sí bealach malartach siar ó Abhainn na Gaillimhe.

5.1.2 Tosaíonn an bealach sin ag an R336 siar ó Bhearna agus téann sé ar aghaidh soir ó thuaidh, ó thuaidh ó Bhearna, agus téann sé trí bhailte fearainn na Cloiche Scoilte, na nAille, an Chaoráin, Thóin na Brocaí agus Pháirc na Sceach sula dtrasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ó thuaidh ó Chaisleán Mhionlaigh. Leanann Rogha Bealaigh Ciain conair Rogha Bealaigh 2006 GCOB ansin soir ó thuaidh trí Mhionlach chuig Baile an Dúlaigh agus soir ó dheas ansin chuig Cúil Each sula gcríochnaíonn sé ag an N6 atá ann faoi láthair.


5.1.3 Déantar Rogha Bealaigh Ciain a nascadh leis an R336 ag acomhal timpealláin de réir gráid tuairim is 2km siar ó Shráidbhaile Bhearna. Tá trí acomhal timpealláin de réir gráid ann ansin, tuairim is 2 km óna chéile, ar bhóthar Bhearna-Mhaigh Cuilinn, ar Bhóthar na Ceapaí agus ar Bhóthar Rathúin. Tá sé beartaithe go mbeidh acomhal grád-scartha ann ar an N59.

5.1.4 Soir ó Abhainn na Gaillimhe, tá acomhal grád-scartha ann chun fónamh don N84 díreach siar ón N84 i mbaile fearainn Bhaile an Dúlaigh, agus tá acomhal grád-scartha breise ann ar an N83 láithreach i gcomharsanacht Dhíog an Dá Mhíle. Nascann acomhal grád-scartha eile, soir ó dheas ó Chúil Each, Rogha Bealaigh Ciain leis an N6 láithreach.

5.1.5 I bhFíor 5.1, taispeántar Rogha Bealaigh Ciain i gcomparáid le N6 GCRR.

5.1.6 In Aguisín A.5.5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, cuirtear i láthair measúnacht innealtóireachta agus timpeallachta ar Rogha Bealaigh Ciain.

## Fíor 5.1: Rogha Bealaigh Ciain agus N6 GCRR



## 5.2 Measúnacht Innealtóireachta & Tráchta

5.2.1 I Roinn 2 d'Aguisín A.5.5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, cinneadh gur rogha bealaigh fhéideartha í Rogha Bealaigh Ciain ó thaobh na hinnealtóireachta de. Soláthraíonn an bealach sin nasc leis an N83, leis an N84, leis an N59 agus leis an N6 láithreach agus, dá bharr sin, soláthraíonn sé an leibhéal céanna nascachta le bóithre náisiúnta agus atá i gceist leis na bealaí malartacha eile a breithníodh.

5.2.2 Le linn na measúnachta tráchta i leith Rogha Bealaigh Ciain, baineadh úsáid as torthaí Rogha Bealaigh Glas (rud a phléitear i Roinn 7.2.2 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh) agus Rogha Bealaigh 2006 GCOB, ar roghanna bealaigh iad araon a múnlaíodh trí úsáid a bhaint as an múnla tráchta céanna a úsáideadh le haghaidh gach ceann ar leith de na sé rogha a breithníodh mar chuid den phróiseas roghnaithe bealaigh. Tá Rogha Bealaigh Ciain díreach mar an gcéanna le Rogha Bealaigh Ciain san iarthar agus tá sí an-chosúil le Rogha Bealaigh Glas san oirthear a mhéid a bhaineann le nascacht acomhail i.e. cuimsíonn Rogha Bealaigh Glas acomhal ag an N84 agus ag an N83 agus tá acomhal ann san áit a bhfuil ceangal leis an N6 láithreach.

5.2.3 Ina theannta sin, tá fad Rogha Bealaigh Ciain cosúil le fad Rogha Bealaigh 2006 GCOB san oirthear ach níl aon nascacht ann i Rogha Bealaigh 2006 GCOB ag an N83. Dá bhrí sin, bheadh figiúirí tráchta Rogha Bealaigh Ciain idir an dá shraith torthaí ach bheidís níos gaire do Rogha Bealaigh Glas mar thoradh ar acomhal breise ag an N83 a bheith ann sa rogha sin agus is ionann an t-ailíniú atá ann siar ón abhainn.

5.2.4 I dTábla 4.2.1 d'Aguisín A.5.5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, déantar torthaí na measúnachta a chur i láthair agus, mar áis tagartha, cuirtear san áireamh i dTábla 5.1 anseo thíos iad.

5.2.5 Tá colún breise curtha leis an tábla sin, ar thaobh na láimhe deise, agus tá mionsonraí le fáil sa cholún sin maidir leis na réamh-mheastacháin tráchta i leith an EPRC ag na suíomhanna céanna. Baineadh na figiúirí RPRC AADT sin as Tábla 7.5.1 d'Aguisín A.3.1. den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh.

5.2.6 Nuair a dhéantar réamh-mheastachán AADT maidir le Rogha Bealaigh Glas sa bhliain 2034, ar réamh-mheastachán é a úsáideadh le haghaidh na measúnachta tráchta i leith Rogha Bealaigh Ciain, a chur i gcomparáid le réamh-mheastachán AADT maidir le EPRC, soláthraíonn EPRC faoiseamh níos mó do na naisc ar an ngréasán bóithre láithreach. Is léir ón tábla sin gurb amhlaidh, de réir mar a thagann feabhas ar nascacht leis an ngréasán láithreach mar thoradh ar an bhforbairt ó 2006 GCOB go dtí Rogha Bealaigh Glas agus go dtí EPRC, go dtagann feabhas ar an leibhéal aistrithe tráchta chuig an rogha agus, dá bharr sin, go soláthraítear leibhéal faoisimh níos mó ar an ngréasán láithreach.

5.2.7 Tá trácht a bhaint amach as lár na cathrach, sráideanna uirbeacha níos sábháilte a sholáthar agus trácht ar féidir é a atreorú a dheighilt ó thrácht

atá ag dul isteach sa chathair ina gcuspóirí de chuid an tionscadail. Ó thaobh cúrsaí tráchta de, is fearr feidhmíocht EPRC, a forbraíodh ina dhiaidh sin mar N6 GCRR, na feidhmíocht Rogha Bealaigh Ciain.

**Tábla 5.1: Figiúirí AADT Comparáideacha i leith Rogha Bealaigh Ciain (Sliocht as Tábla 4.2.1 d'Aguisín A.5.5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh don bhliain 2034) agus Figiúirí EPRC AADT (a baineadh as Tábla 7.5.1 d'Aguisín A.3.1 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh)**

| Suíomh | An tÍosmhéid a Dhéanamh 2034 | Rogha Bealaigh Glas 2034 | Rogha Bealaigh 2006 GCOB 2034 | EPRC 2034 |
|---|---|---|---|---|
| Droichead na gCúig Chéad | 34800 | 31000 | 34100 | 28600 |
| Droichead na mBradán | 16700 | 15100 | 15400 | 14500 |
| O'Brien's Bridge | 9100 | 7800 | 8300 | 7600 |
| Droichead Wolfe Tone | 20800 | 17600 | 18200 | 17000 |
| Sráidbhaile Bhearna | 13400 | 5200 | 7300 | 5500 |
| Bóthar Shéamais Uí Chuirc | 11500 | 7600 | 8700 | 5700 |
| Bóthar Áth Cinn (idir Acomhal na mBoidicíneach agus Timpeallán na gCiarabhánach) | 29900 | 30600 | 31300 | 32000 |
| Bóthar na dTreabh (idir N84 agus N17 i.e. N83) | 33800 | 20900 | 25700 | 20200 |
| Bóthar Bhaile Átha Cliath (idir Acomhal Mhóinín na gCiseach agus Timpeallán Skerritt) | 18600 | 18400 | 18400 | 18300 |

## 5.3 Measúnacht Timpeallachta

5.3.1 I Roinn 3 d'Aguisín A.5.5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh, tugtar mionsonraí faoin measúnacht timpeallachta ar Rogha Bealaigh Ciain agus tá torthaí na measúnachtaí sin leagtha amach anseo thíos faoi cheannteidil ar leithligh.

### *Éiceolaíocht*

5.3.2 Sa mheasúnacht éiceolaíochta, cinneadh an méid seo a leanas: *"Go foriomlán, d'fhéadfadh Rogha Bealaigh Ciain tionchair dhiúltacha shuntasacha a imirt ar cSAC Loch Coirib. B'ionann cailleadh ghnáthóga QI i cSAC Loch Coirib, ar cailleadh é a bhaineann leis an rogha bealaigh seo, agus éifeacht dhochrach ar iomláine an láithreáin Eorpaigh seo, rud atá bunaithe ar bhreithiúnas AE roimhe seo ó tharla go bhfuil an t-ailíniú a dhéantar anseo ar aon dul le 2006 GCOB. Dá*

*bhrí sin, le go bhféadfar Rogha Bealaigh Ciain a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála de réir cheanglais Airteagal 6(4) de Threoir AE maidir le Gnáthóga, caithfidh sé nach bhfuil aon mhalairtí féideartha ann agus, d'ainneoin an tionchair réamh-mheasta, ní mór cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh a bheith ann chun an rogha a chur ar aghaidh. Ó tharla go bhfuil an bealach seo suite an-ghar do NHA Phortach Mhaigh Cuilinn tá riosca ann freisin go n-imreofar tionchair shuntasacha ar ghnáthóga talún portaigh sa láithreán sin. Taobh amuigh de na tionchair ar láithreáin ainmnithe, ba dhóigh freisin go n-imreodh Rogha Bealaigh Ciain tionchair shuntasacha ar limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I, ar an Scréachóg reilige agus ar raon gabhdóirí íogaire éiceolaíochta eile, a bhfuil cuid mhór díobh liostaithe in Iarscríbhinn II agus/nó in Iarscríbhinn IV de Threoir AE maidir le Gnáthóga."*

### *Ithreacha agus Geolaíocht*

5.3.3 Tá suíomh an droichid thar Abhainn na Gaillimhe ina ghné an-diúltach i dtaca leis an tionchar ithreacha agus ar gheolaíocht de ó tharla go bhfuil ithreacha boga agus ithreacha móna ann sa limistéar lena mbaineann.

5.3.4 Sa mheasúnacht ar ithreacha agus ar gheolaíocht, cinneadh go mbeadh na tionchair seo a leanas ann.

**Tábla 5.2: Measúnacht ar na tionchair ar an ithir agus ar an ngeolaíocht mar thoradh ar Rogha Bealaigh Ciain**

| ***Saintréith*** | ***Tábhacht na saintréithe*** | ***Tionchar*** | ***Leibhéal an tionchair*** |
|---|---|---|---|
| *Ithreacha talmhaíochta - an taobh thiar den scéim* | *Íseal* | *Cailleadh ithreach ísealtorthúlachta i gcuid theoranta den bhealach* | *Mionghné dhiúltach* |
| *Ithreacha talmhaíochta - an taobh thoir den scéim* | *Meánach* | *Cailleadh ithreach meántorthúlachta i gcuid theoranta den bhealach* | *Mionghné dhiúltach* |
| *Nochtadh na buncharraige eibhir* | *Meánach* | *Beidh domhainghearradh a nochtann an bhuncharraig ina chúis le méadú na hoidhreachta geolaíochta* | *Mionghné dhearfach* |
| *Ithreacha móna/boga - an chuid thiar den scéim* | *Meánach* | *Is dóigh go mbeidh gá le tochailt agus athsholáthar i gcás sil-ligin éadoimhne Chun móin agus ithreacha boga a dhiúscairt, is gá láithreán oiriúnach diúscartha a shainaithint* | *Measartha diúltach* |
| *Móin/ithreacha boga - an droichead trasna na habhann* | *Ard* | *Feabhsú forleathan talún agus/nó tochailt agus ithreacha boga a ionadú Is dóigh go mbeidh gá le hoibreacha sealadacha forleithne le linn an* | *Mórghné dhiúltach* |

| ***Saintréith*** | ***Tábhacht na saintréithe*** | ***Tionchar*** | ***Leibhéal an tionchair*** |
|---|---|---|---|
| | | *droichead a thógáil* | |
| *Aolchloch charstach* | *Meánach* | *D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le teacht ar réitigh bhreise innealtóireachta le haghaidh tréithe carstacha chun leibhéal inghlactha riosca a chinntiú don bhealach i rith a shaolré deartha* | *Measartha diúltach* |
| *Cairéal Chlaí an Dá Mhíle* | *Ard* | *Aimridiú ionchasach codanna teoranta an chairéil Is dóigh go modhnófar na teicníochtaí eastóisctha* | *Mórghné dhiúltach* |

### *Hidrigeolaíocht*

5.3.5 Mar thoradh ar an measúnacht hidrigeolaíochta cinneadh *"go roinneann geolaíocht an réigiúin an tsaintréithiúlacht hidrigeolaíochta idir an taobh thiar agus an taobh thoir den limistéar staidéir. San iarthar, aicmítear an t-eibhear foshrathnaithe mar uiscíoch lag agus baineann riosca íseal leis, ach ós rud é go gceapann sé screamhuisce san fho-ithir agus san ithir tá gnáthóga de chineál íogair ann agus iad ag brath ar uisce. Trí na gnáthóga sin a sheachaint, nó dóigh go mbeidh tionchar ag Rogha Bealaigh Ciain ar iomláine an screamhuisce tacaíochta agus meastar go bhfuil an riosca measartha íseal. Tá screamhuisce an-leochaileach ann san uiscíoch carstach sa chuid thoir, ar uiscíoch é atá tábhachtach ar bhonn réigiúnach, agus áiríonn sé gnéithe screamhuisce lena ngabhann leanúnachas séasúrach i dtaca le cúrsaí screamhuisce de. D'fhéadfadh riosca a bheith ann do Lochanna Chúil Each agus do Loch Bhaile an Dúlaigh mar thoradh ar ghearradh bóthair suas an ghrádán agus is gá é sin a mheasúnú i leith tionchair íostarraingthe. D'fhéadfaí tionchar a imirt ar an tobar soláthair uisce freisin ag áitreabh tráchtála soir ó Abhainn na Gaillimhe. Beidh gá le measúnacht ar athluchtú laghdaithe feadh líne Rogha Bealaigh Ciain agus ní mór measúnacht a dhéanamh chomh maith ar pointí sceite ó na córais shéalaithe draenála."*

### *Hidreolaíocht*

5.3.6 Mar thoradh ar an measúnacht hidreolaíochta, cinneadh an méid seo a leanas: *"meastar go bhfuil an rogha bealaigh seo inghlactha ó thaobh cúrsaí hidreolaíochta de, ós rud é gur féidir í a thógáil agus a oibriú gan seans a chruthú go n-imreofar tionchair shuntasacha hidreolaíochta ar cháilíocht an uisce, ar an riosca tuile agus ar ghabhdóirí hidri-éiceolaíochta. Áiríonn sé an ceann is giorra de na pointí trasnaithe abhann atá ann sna roghanna bealaigh a breithníodh ach tá leithead na tuilemhá a bhaineann leis, is é sin, c. 530m (i gcomhthéacs an riain tuilithe 100 bliain) ar cheann de na cinn is faide."*

**Tírdhreach agus Cúrsaí Amhairc**

5.3.7 Mar thoradh ar an measúnacht ar chúrsaí tírdhreacha agus amhairc, cinneadh an méid seo a leanas: *"Is lú líon na dtionchar suntasach agus na dtionchar forleathan atá ag Rogha Bealaigh Ciain ar mhaoin, ó thaobh cúrsaí amhairc de, ná mar atá ag roghanna eile bealaigh – go háirithe soir ó Abhainn na Gaillimhe – agus is amhlaidh an scéal mar gur ailíniú de chineál níos tuathúla atá i gceist léi, is é sin le rá, soir ó Pháirc Theicneolaíocta na Gaillimhe. Tá an leibhéal ard céanna ag baint leis an rogha seo i dtaca le tionchar ar an tírdhreach de. Tá tionchar suntasach ag an mbealach ar shuíomh chonair agus ar ghearrthacha Abhainn na Gaillimhe, ar chlaífort, ar dhiméin Chaisleán Mhionlaigh agus ar an aibhinne chuige ach is lú an tionchar a imríonn sé ar shuíomh cois abhann an chaisleán nuair a chuirtear i gcomparáid le roghanna eile é."*

***Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúir***

5.3.8 Mar thoradh ar an measúnacht ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúir cinneadh an méid seo a leanas: *"Bheadh tionchar mór ag Rogha Bealaigh Ciain ar an acmhainn oidhreachta cultúir. Cé go n-admhaítear go ndearnach cuid mhór de na láithreáin a sainaithíodh i gcomharsanacht na scéime, nó laistigh den chomharsanacht atá go díreach in aice le comharsanacht na scéime, soir ó Abhainn na Gaillimhe, a shainaithint mar chuid de 2006 GCOB EIS agus nach bhfaigheann siad aon chosaint shonrach reachtúil, bheadh tionchar mór ag an mbealach seo ar an acmhainn thaifeadta oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúir. Síneann an limistéar ina mbeadh an tionchar is mó ón gCillín go Mionlach. Is iad saintréithe an limistéir sin tírdhreacha diméine agus tithe móra a bhunaigh daoine de chuid na huasalaicme ar theastaigh uathu leas a bhaint as tírdhreach pictiúrtha Abhainn na Gaillimhe i thart ar a gcuid tithe. Dá bhrí sin, imríonn an rogha bealaigh seo tionchar díreach ar thrí dhiméin mhóra agus meastar gurb é an tionchar is mó díobh sin an tionchar ar Chaisleán Mhionlaigh. Tá an bealach an-ghar don chaisleán san ionad seo agus scoitheann sé an príomhdhéanmhas go mór de na gnéithe a bhaineann leis. Is féidir a rá go mbeidh tionchar an-diúltach ar an diméin ann mar thoradh ar mhéid an scoite sin agus ar chineál agus ar mhéid an tionchair dhírigh."*

5.3.9 San iomlán, tá 19 dtionchar shuntasacha ar láithreáin a sainaithníodh mar chuid den EIS maidir le Seachród Seachtrach Chathair na Gaillimhe (2006) agus le linn na suirbhéireachta geoifisiciúla ar an scéim sin agus is láithreáin iad sin a n-imreoidh Rogha Bealaigh Ciain tionchar orthu freisin.

***Sócmhainní Ábharacha - Talmhaíocht***

5.3.10 Ghlacfadh Rogha Bealaigh Ciain tuairim is 115.5 heicteár de thalamh thalmhaíochta agus tá 50 heicteár den talamh sin aicmithe mar thalamh mhaith thalmhaíochta. Tá cáilíocht na talún ar an gcuid is faide siar den bhealach an-íseal ó thaobh cúrsaí talmhaíochta de - bratphortach atá ann

go formhór - agus tá leibhéal íseal íogaireachta ann a mhéid a bhaineann leis an gcomhshaol talmhaíochta. Tá leibhéal íseal-meánach íogaireachta ann maidir leis an gcomhshaol talmhaíochta atá ann níos faide soir.

***Cáilíocht an Aer agus an Aeráid***

5.3.11 Mar thoradh ar an measúnacht ar cháilíocht an aeir, cinneadh an méid seo a leanas: *"glacann Rogha Bealaigh 2006 GCOB ailíniú a théann i dtreo imeall na cathrach go formhór trasna líon mór bóithre áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil braislí ionad cónaithe an-ghar dóibh ar fad.*

5.3.12 *Tá an tiúchan truailleán a thaifead an EPA go mór laistigh de na caighdeáin i leith cáilíocht aeir agus meastar go bhfuil cumas asamhlaitheach cháilíocht an aeir go maith laistigh de limistéar an staidéir faoin scéim.*

5.3.13 *I gcoitinne, seachnaíonn Rogha Bealaigh Ciain limistéir agus pobail chónaitheacha ach tá sé suite tadhlach le braislí tithe áit a dtrasnaíonn sé na bóithre áitiúla agus réigiúnacha.*

5.3.14 *Dé bharr na méideanna tráchta a bhfuiltear ag súil leo agus ar chumas asamhlaitheach láithreach limistéar an staidéir faoin scéim, ní dóigh go sárófar aon chaighdeáin i leith cáilíocht aeir mar thoradh ar Rogha Bealaigh Ciain.*

***Torann agus Creathadh***

5.3.15 Mar thoradh ar an measúnacht ar thorann agus ar chreathadh cinneadh an méid seo a leanas: "tá isteach is amach ar 500 áitreabh a d'fhéadfadh a bheith laistigh den chomhrian torainn 60dB Lden feadh ailíniú Rogha Bealaigh Ciain. Tá cuid mhór de na háitribh sin suite feadh na coda iartharaí den rogha bealaigh. De bharr dháileadh áitreabh i bhforbairt líneach feadh bóithre áitiúla, de bhreis ar bhraislí áitreabh agus pointí trasnaithe agus i sráidbhailte feadh na rogha bealaigh, beidh gá mór le maolú torainn feadh an bhealaigh seo. Chun astaíochtaí torainn tráchta ón ailíniú atá beartaithe a laghdú go dtí leibhéal atá laistigh den sprioc shonraithe dearthóirtheachta atá leagtha síos ag an NRA le haghaidh bóithre nua, mar atá 60dB Lden, beidh na bearta maolúcháin atá ar fáil do roghnú an dromchla bóthair agus d'úsáid bacainní maolaithe torainn.

5.3.16 Nuair a bheidh an bealach á oibriú ní ghabhann aon tionchair shuntasacha mar gheall ar thorann feadh bóithre dea-chothabháilte. Ní mheastar gur saincheist í seo le haghaidh chéim oibríochtúil an bhóthair seo.

5.3.17 Ar an iomlán, beidh tionchar suntasach torainn ag Rogha Bealaigh Ciain ar an timpeallacht áitiúil a dtéann sé tríthi, go háirithe na limistéir sin atá suite isteach tamall ón torann tráchta bóthair láithreach. Is dócha go mbeidh líon suntasach áitreabh ann feadh an bhealaigh ar dóigh go mbeidh maolú torainn ag teastáil ina leith.

***Daoine***

5.3.18 Mar thoradh ar an measúnacht ar dhaoine, cinneadh an méid seo a leanas: *"seachnaíonn Rogha Bealaigh Ciain roinnt pobal agus ceantar seanbhunaithe ach bheadh tionchair tógála agus tionchair oibríochtúla ann i bPáirc na Sceach agus i mBaile an Dúlaigh. Is é atá i laige choibhneasta na rogha ná gurb amhlaidh, ós rud é go dtéann an bealach feadh imeall an limistéir staidéir i leith na scéime, gur lú an rath a bheadh uirthi, i dtaca le tréthrácht agus trácht laistigh den chathair a mhealladh, ná mar a bheadh ag roghanna eile atá suite níos cóngaraí do Chathair na Gaillimhe. Is féidir a bheith ag súil go ndéanfaidh sé sin difear d'fhaid turais áitiúla, do thaitneamhacht turais agus do ghearrthacha sa chathair le linn na céime oibríochtúla. Leanfadh méid níos mó tráchta d'úsáid a bhaint as an N6 agus as an R338 sa chathair agus is é a leanfadh as sin ná gur lú na laghduithe ar fhaid turais, i gcás trácht áitiúil, na feabhsuithe ar thaitneamhacht turais, i gcás coisithe agus rothaithe, agus an faoiseamh ionchasach ó chur isteach, i gcás pobal agus saoráidí pobail, ná mar a bhainfí amach mar thoradh ar roghanna eile."*

***Sócmhainní Ábharacha – Neamhthalmhaíocht***

5.3.19 Mar thoradh ar an measúnacht a rinneadh le linn phróiseas roghnaithe an bhealaigh maidir le tionchair ionchasacha ar áitribh, cinneadh go gcaithfí 41 áitreabh a fháil le haghaidh Rogha Bealaigh Ciain. Is é is cúis leis sin ná an bealach malartach sa chuid iartharach chun íoslaghdú a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil a sainaithníodh i gcinneadh ABP roimhe sin, móide Acomhal N83 - Bhóthar Thuama a chur leis an scéim, i gcomparáid le Rogha Bealaigh 2006 GCOB.

5.3.20 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Rogha Bealaigh Ciain, tar éis comparáid a dhéanamh leis an gconair bealaigh is dealraithí a roghnófar (EPRC), tá sé tugtha faoi deara go bhfuil an chuid iartharach den dá bhealach an-chosúil lena chéile go dtí go sroichtear Bóthar Bhaile an Mhóinín agus, maidir leis na hathruithe ar dhearadh na coda iartharaí den EPRC, as ar lean an N6 GCRR, go dtí go sroichtear Bóthar Bhaile an Mhóinín, ar athruithe iad a rinneadh ó thráth foilsithe an EPRC sa bhliain 2015, dhéanfaí na hathruithe sin freisin ar Rogha Bealaigh Ciain dá mba é an bealach sin an bealach ba dhealraithí a roghnófaí. Dá bhrí sin, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na tionchair ar áitribh feadh Rogha Bealaigh Ciain, agus na modhnuithe ar an gcuid iartharach á gcur san áireamh agus an mhodheolaíocht chéanna a úsáideadh le haghaidh N6 GCRR á gcur i bhfeidhm, sainaithníodh 38 n-áitreabh a mbeadh 23 cinn acu le scartáil agus a mbeadh 15 cinn acu le fáil ar mhaithe le tógáil agus oibriú Rogha Bealaigh Ciain modhnaithe.

5.3.21 Ní dhéanfar na háitribh thráchtála fo léir a fháil/scartáil ach tá trí áitreabh tráchtála suite laistigh de lorg na dearthóireachta agus beidh gá le méid áirithe talún a fháil. Tá líon íseal tionchar ar fhóntais ag baint le Rogha Bealaigh Ciain, go háirithe mar gheall ar a suíomh tuathúil.

## 5.4 Achoimre ar an mbreithniú a rinneadh ar Rogha Bealaigh Ciain (leagan modhnaithe de rogha 2006 GCOB) mar réiteach ar na fadhbanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird

5.4.1 Cé go gcomhlíonann Rogha Bealaigh Ciain cuspóirí an tionscadal is iad seo a leanas na conclúidí ar thángthas orthu mar réiteach féideartha tar éis measúnacht a dhéanamh ar an rogha bealaigh sin agus tá mionsonraí ina leith leagtha amach in Aguisín A.5.5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh:

- Tá tionchar suntasach ag an mbealach ar ghnáthóga Iarscríbhinn I, Pábháil aolchloiche [* 8240) laistigh de cSAC Loch Coirib agus, dá bharr sin, tá tionchar dochrach aige ar iomláine cSAC Loch Coirib de réir bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí.
- Tá tionchar mór aige ar chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachta cultúir de agus ar luach na taitneamhachta ó thaobh cúrsaí Daoine de.
- Tá seans ann go mbeidh tionchar mór aige i leith an riosca tuile i gcomharsanacht Abhainn na Gaillimhe agus a cuid tuilemhánna.
- Tá suíomh an droichid thar Abhainn na Gaillimhe ina ghné an-diúltach i dtaca leis an tionchar ithreacha agus ar gheolaíocht de ó tharla go bhfuil ithreacha boga & ithreacha móna ann sa limistéar lena mbaineann.
- A mhéid a bhaineann le cúrsaí socheacnamaíochta agus le daoine de, tá roinnt móréifeachtaí treampánacha ann i dtaca le pobail ar éifeachtaí iad a bhaineann le Rogha Bealaigh Ciain i bPáirc na Sceach agus i mBaile an Dúlaigh.
- Cé go léiríonn an mheasúnacht ar chúrsaí tráchta go mbeidh feabhas beag ann maidir le plódú tráchta má chuirtear Rogha Bealaigh Ciain i bhfeidhm, i gcomparáid le Rogha Bealaigh 2006 GCOB, de bharr acomhal N83 a bheith ann, tá sé de chumas ag na roghanna eile bealaigh a measúnaíodh chun leibhéal níos mó faoisimh a chur ar fáil ós rud é go bhfuil nasc níos dírí ann le príomhionaid fostaíochta na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh.

## CONCLÚID

Cé gur lú an méid áitreabh a bheadh le scartáil/fáil mar thoradh ar Rogha Bealaigh Ciain, i gcomparáid le N6 GCRR, is é sin, 38 i gcomparáid le 54 faoi seach, ní sholáthródh Rogha Bealaigh Ciain an réiteach is fearr i dtaca le hiompar idirmhódúil de ós rud é gur léirigh an múnlú tráchta nach soláthródh sé faoiseamh i leith plódú go feadh an leibhéil chéanna le N6 GCRR mar atá leagtha amach i Roinn 5.2 thuas, rud a tharlaíonn mar gheall ar leibhéal níos ísle aistrithe tráchta ón ionad uirbeach láithreach chuig Rogha Bealaigh Ciain.. Mar thoradh air sin, is lú an méid spáis a bheadh ar fáil le haghaidh modhanna níos inbhuanaithe amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Cuireann sé sin deis ar fáil i ndáil le fás de chineál níos inbhuanaithe i nGaillimh i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus le *Éire 2040*.

Ina theannta sin, de réir bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa faoi 2006 GCOB, bheadh tionchair dhochracha ag Rogha Bealaigh Ciain (i dtaca leis an gcuid oirthearach di) ar iomláine cSAC Loch Coirib (Pábháil Aolchloiche) agus, dá bharr sin, **ní fhéadfaí é a chur ar aghaidh ach amháin de bhun** Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga agus ní féidir iarratas den sórt sin a chur ar aghaidh ach amháin i gcás nach bhfuil réitigh mhalartacha ann agus, sa chás seo, tá réiteach malartach ann, is é sin le rá, N6 GCRR, ar réiteach é, dar linn, nach mbeidh tionchar dochrach aige ar iomláine cSAC Loch Coirib ná, go deimhin, ar aon Láithreán Eorpach eile.

# 6 Cén fáth nach rabhthas in ann teacht ar sheift innealtóireachta chun réiteach a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcuid oirthearach de Sheachród Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006)?

6.1 Ceist eile a cuireadh le linn na héisteachta ó bhéal is ea ar breithníodh tollán a thógáil chun an ghnáthóg phábhála aolchloiche a sheachaint ar leibhéal an dromchla i cSAC Loch Coirib, feadh líne Rogha Bealaigh 2006 GCOB idir an N84-Bóthar Áth Cinn agus Abhainn na Gaillimhe. Breithníodh an rogha sin ach ba léir láithreach nach rogha fhéideartha í mar gheall ar na cúiseanna atá leagtha amach anseo thíos.

6.2 De réir mar a míníodh sa roinn innealtóireachta den fhreagra ar fhiosruithe i Modúl 1, bheadh fad an tolláin (ina gcuimseofaí tolláin dhá fheadán dhruileáilte) a thógfaí chun déileáil leis na saincheisteanna maidir leis an roinn oirthearach de Rogha Bealaigh 2006 GCOB níos mó ná 2km agus bheadh gearrthacha thart ar 50m ar trastomhas i gceist le tógáil an tsloic lainseála ag an dá thaobh den scéim.

6.3 Tá foshraith aolchloiche carstaí ann sa chuid oirthearach de Rogha Bealaigh 2006 GCOB, mar aon le dromchla buncharraige athraitheach agus córas casta hidrigeolaíochta sa limistéar agus, dá bhrí sin, dá mbeadh aon tollánú le déanamh sa cheantar, bheadh gá le himscrúdú forleathan talún feadh ailíniú an tolláin dhá fheadán dhruileáilte atá beartaithe chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh indéantacht agus intógthacht an tolláin. D'fhéadfadh imscrúdú talún den scála agus den mhéid sin, as féin, difear dochrach a dhéanamh d'iomláine cSAC Loch Coirib mar thoradh ar thochailt cuid mhór tollpholl agus toibreacha faireacháin screamhuisce.

6.4 Le linn chéimeanna tosaigh na céime roghnúcháin, ó Aibreán 2014 go Samhain 2014, agus na réamhstaidéir deisce á gcur san áireamh, chuathas i mbun staidéar carstach (lena n-áirítear anailís ar aerfhótagraif agus ar fhótagraif satailíte) chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ngeomoirfeolaíocht agus ar an riosca don charst sa cheantar. Rinneadh an staidéar chun suíomh tírghnéithe carstacha a shainaithint agus aird ar leith á tabhairt ar ghnáthóga Iarscríbhinn I atá ag brath ar uisce. Tá an staidéar le fáil in Aguisín A.4.4 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh.

6.5 Mar thoradh ar an staidéar sainaithníodh cúig ghné thábhachtacha charstacha a bhaineann le gnáthóga atá ag brath ar uisce, mar atá, Loch Bhaile an Dúlaigh, Lochanna Chúil Each, Abhainn Thír Oileáin, Baile an Cheantaigh/NUIG agus Bogach Chúl an Oileáin, mar aon le ceithre thurlach ar leithligh. Mar thoradh ar an staidéar sin freisin, cinneadh gur treo aduaidh ó dheas a bhí i gceist le sreabhadh an screamhuisce.

6.6 Rinneadh piara-athbhreithniú ar an tollán i mí na Nollag 2014 i gcomhar le foireann tollánaithe Arup London chun tuiscint a fháil ar scála na hinnealtóireachta a bheadh i gceist le haon tollánú a dhéanfaí ar na foirmíochtaí carraige atá ann i nGaillimh, soir ó Abhainn na Gaillimhe agus siar ó Abhainn na Gaillimhe araon. D’fhreastail Marie Fleming, Arup, agus Eileen McCarthy, Arup, ar an gceardlann sin. Thug foireann an phiara-athbhreithnithe cuairt ar dhá chairéal aolchloiche a bhí as úsáid soir ó Abhainn na Gaillimhe, is é sin le rá, Cairéal Leacaigh agus Cairéal Ghort an Chalaidh (tuairim is 1km ó thuaidh ó Shráidbhaile Mhionlaigh) agus ar chairéal eibhir a bhí as úsáid ar Bhóthar Leitrí i dTóin na Brocaí siar ó Abhainn na Gaillimhe. Fuarthas cuid mhór faisnéise tábhachtaí iomchuí o dtaobh an chineáil ithreach agus carraige atá ann agus i dtaobh uisce a bheith ann agus is nithe iad sin ar fad a bhfuil tionchar bunúsach acu ar an gcineál meaisín tollánaithe a roghnaítear agus is nithe iad a bhfuil tionchar acu ar an gcinneadh i dtaobh an bhfuil tollánú i suíomh áirithe indéanta in aon chor. Baintear úsáid as teicníochtaí éagsúla, agus sin ag brath ar an gcineál talún atá ann, agus athbhreithníodh na teicníochtaí sin i gcomhthéacs gheolaíocht an cheantair agus i gcomhthéacs na srianta a bhain le gach teicníocht ar leith.

6.7 Ar bhonn (i) fad an tolláin atá ag teastáil ag an suíomh seo, (ii) an méid buncharraige carstaí a bhí ann (agus a raibh dromchla buncharraige athraitheach i gceist léi), agus (iii) an hidrigeolaíocht chasta agus na gabhdóirí íogaire, cinneadh go mbeadh gá le Meaisín Tollta Tolláin (TBM) chun an cineál tollánaithe a bheadh ag teastáil feadh ailíniú Rogha Bealaigh 2006 GCOB.[3]

6.8 Bheadh leibhéal inbhéarta tolláin feadh ailíniú Rogha Bealaigh 2006 GCOB ag leibhéal tuairim is - (míneas) 10.00m AOD ag a phointe is ísle agus tuairim is 6m faoi leibhéal uisce Abhainn na Gaillimhe ag an tairseach thiar. Mar gheall ar chineál na ndálaí talún feadh ailíniú Rogha Bealaigh 2006 GCOB, bheadh gá le tacaíocht ghníomhach éadain don TBM chun smacht a choimeád ar an éadan a bheadh á thochailt d’fhonn socrú a chosc agus d’fhonn teacht isteach uisce a sheachaint. Cuirtear an tacaíocht sin ar fáil trí chothromaíocht chré-bhrú nó trí chothromaíocht sciodar-bhrú, is é sin, cuirtear polaiméir nó cúr leis an ábhar tochailte ag éadan an tolláin chun brú carraige agus brú uisce a chothromú ar an éadan oibre.

6.9 Déantar an córas tacaíochta a roghnú ar bhonn an chineáil carraige atá á tholladh. Mar gheall ar an aolchloch charstach atá ann sa suíomh seo, tá dúshláin shuntasacha ann i dtaca le tollánú de agus cruthaíonn tuaslagadh na carraige pócaí agus cuasa ar saintréithe dá gcuid sreabhadh uisce tríd an mais charraige. D’fhéadfadh na cuasa sin a bheith oscailte ní d’fhéadfadh sé go líonfaí iad le hábhar níos laige/smionagar thar am.

[3]Is ionann TBM-anna agus cineál meicnithe tollánaithe; déantar éadan na carraige a thochailt le diosca gearrtha rothlach mar aon le líneáil a chur isteach arb é atá ann ná codanna réamhtheilgthe coincréite chun an mhais charraige a chobhsú agus chun réitigh bhuana líneála a chur ar fáil. I gcás dálaí laga carraige a bheith ann, is gá tacaíocht shealadach a sholáthar i gcomharsanacht na háite ina bhfuil tollánú á dhéanamh.

Baineann riosca suntasach le tollánú a dhéanamh tríd an ábhar sin mar go bhféadfaí ábhar a bhogadh as áit (rud a chruthódh poll slogaide chuig an dromchla) nó conair draenála a oscailt (rud ba chúis le tuile sa tollán). Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna suntasacha sin, chaithfí úsáid a bhaint as córas cothromaíochta sciodar-bhrú.

6.10 I gcás ailíniú Rogha Bealaigh 2006 GCOB, is é a leanfadh as úsáid córas den sórt sin ná táirgeadh tuairim is 380,000m$^3$ d’eascairtí sciodair/tolláin.

6.11 Ina theannta sin, de réir mar a shíneann an tollán ar aghaidh feadh an fhaid 2km, chaithfí an tollán a línéáil le codanna buana réamhtheilgthe coincréite rud a chiallaíonn gurb amhlaidh, nuair a théann an TBM amach as an bhfeadán tollta, go gcaithfí é a dhíchóimeáil ag an mbealach amach as sloc an chéad fheadáin sin agus a iompar ar ais lena lainseáil arís chun an dara feadán a tholladh, sin nó chaithfí é a dhíchóimeáil agus a iompú sa treo eile agus chaithfí an dara feadán a tholladh ansin. Tá gá le tochailt shuntasach ag an tairseach lainseála agus ag tairseach an bhealaigh amach le haghaidh gach ceann ar leith den dá chúinse sin. Meastar go mbeidh an sloc sin 50m ar trastomhas ar a laghad le haghaidh eastóscadh, díchóimeáil agus athchóimeáil. Bheadh gá le limistéar eile chun rampaí rochtana a chur ar fáil chuig an sloc, agus uaidh, gan trácht ar limistéar oibre a chur ar fáil. Is é a bheadh san achar iomlán a bheidh ag teastáil ag gach foirceann ar leith ná tuairim is 15m ar leithead faoi 100m ar fad agus ginfear méideanna suntasacha oibreacha créafóige. Chruthódh sé sin dúshlán suntasach i dtaca le dálaí na talún imeallaigh in aice le hAbhainn na Gaillimhe agus tá fíor-ionchas ann go n-imreofar tionchair dhochracha ar iomláine cSAC Loch Coirib.

6.12 Mar chuid den phiara-athbhreithniú sin freisin, athbhreithníodh Cairéal Leacaigh mar rogha ionchasach le haghaidh ailíniú tolláin. Ba é a bhí i gceist an tráth sin, i mí na Nollag 2014, ná tollán gearr (500m ar fad), síos an fána ón gcairéal chuig Abhainn na Gaillimhe faoi chuid ghearr den Phábháil Aolchloiche i cSAC Loch Coirib. I dtaca le cúrsaí topagrafaíochta de, tá an tollán suite ar leibhéal ard i gcomparáid le hAbhainn le Gaillimhe agus is é atá i leibhéal inbhéarta an tolláin ná +12.7m AOD. Is mór idir é sin agus na dálaí tollánaithe feadh ailíniú Rogha Bealaigh 2006 GCOB. Ba é a bhí i gconclúid shoiléir an phiara-athbhreithnithe (a raibh mise páirteach ann) ná go mbeadh Tolladóir Bóthair oiriúnach chun tollán den chineál seo a thógáil ós rud é gur tollán gearr a bheadh ann agus go mbeadh sé go mór os cionn an mhaoschláir agus, dá bhrí sin, ní raibh aon saincheisteanna suntasacha den chineál atá sainaitheanta thuas agus a ghabhann le tollánú feadh ailíniú Rogha Bealaigh 2006 GCOB ag baint leis. Ní ghinfeadh an tollán 500m seo ach an ceathrú cuid den mhéid ábhair a ghinfí mar thoradh ar an rogha tolláin le haghaidh Rogha Bealaigh 2006 GCOB. Ina theannta sin, d’fhéadfaí an t-ábhar tochailte a phróiseáil sa chairéal in aice láimhe lena athúsáid le linn bóithre a thógáil.

6.13 Le linn aschuir na staidéar comhshaoil a bhí ar siúl i rith na céime roghnúcháin, le linn piara-athbhreithniú an tolláin a bhreithniú, d’fhéach an fhoireann dearthóireachta innealtóireachta le híoslaghdú a dhéanamh,

a mhéid ab fhéidir, ar fhaid an tolláin sna roghanna éagsúla, rud a rinneadh mar gheall ar scála an easpa eolais faoin limistéar carstacha ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe agus mar gheall ar na tionchair ionchasacha ar na leibhéil screamhuisce agus ar cháilíocht an screamhuisce agus mar gheall ar na rioscaí gaolmhara do ghnáthóga atá ag brath ar uisce agus do ghnéithe carstacha i cSAC Loch Coirib. Ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas, ba léir, ag an gcéim sin, nach mbeifí in ann tollán 2km ar fad a thógáil agus go mbeadh fíor-ionchas ann go n-imreodh tollán den sórt sin tionchar dochrach ar iomláine cSAC Loch Coirib seachas aon tionchar den sórt sin a sheachaint.

6.14 Tá saincheisteanna suntasacha ann freisin a bhaineann le tollán den fhad sin agus ní mór iad a bhreithniú faoi cheannteidil na hinbhuanaitheachta agus na barainneachta a mhéid a bhaineann le céim na tógála agus leis an gcéim oibríochtúil araon agus is saincheisteanna iad a tháinig chun solais i rith Chéim 3 nuair chuathas i mbun dhearadh na dtollán a bhí beartaithe don EPRC. Go háirithe, nuair a bhíonn tolláin fhada i gceist tagann méadú suntasach ar chostais oibriúcháin agus ar úsáid acmhainní.

6.15 Go hachomair, mar sin, is ar na cúiseanna seo a leanas nach ndearnadh tollán ar ailíniú Rogha Bealaigh 2006 GCOB, faoi chuid den Phábháil Aolchloiche i cSAC Loch Coirib, a chur ar aghaidh:

(a) D'fhéadfadh na himscrúduithe tosaigh a bhí le déanamh mar fhoinse faisnéise don mhúnla talún hidrigeolaíochta agus geolaíochta tionchar dochrach a imirt ar iomláine cSAC Loch Coirib.

(b) D'fhéadfadh tógáil tolláin measartha fada i gceantar carstach lena mbaineann dálaí hidrigeolaíochta tionchar dochrach a imirt ar iomláine cSAC Loch Coirib.

(c) Chuirfí go mór le tréimhse na tógála dá mbeadh tollán níos faide ná 2km i gceist agus mar gheall ar an lorg mór tógála a bheadh ag teastáil ag an dá thairseach.

(d) Ghinfeadh fad an tolláin os cionn 380,000m$^3$ de chartadh a d'fhéadfadh a bheith mí-oiriúnach lena athúsáid san fhorbairt bhóthair bheartaithe.

(e) Ní réiteach inbhuanaithe é tollán den fhad seo agus leanfadh astaíochtaí suntasacha breise carbóin as le linn chéim na tógála agus le linn na céime oibríochtúla araon.

(f) Bheadh costais an-mhór oibriúcháin ann mar gheall ar na riachtanais sábháilteachta dóiteáin agus aerúcháin a bheadh ann i ndáil le tollán den fhad seo.

(g) Mar thoradh ar chúrsaí athléimneachta, bheadh gá le dúblú i leith foirgneamh cothabhála tolláin.

6.16 Os a choinne sin, bheadh deis ar fáil ag Cairéal Leacaigh chun an t-éadan cairéil láithreach a úsáid chun tógáil an tolláin a lainseáil bheadh tollán i bhfad níos giorra ann. I rith Chéim 3, rinneadh imscrúdú mionsonraithe talún lasmuigh de cSAC Loch Coirib, i gcomhréir leis an méid atá leagtha amach thuas i.e. tollphoill ingearacha ó leibhéal an dromchla síos go leibhéal beartaithe an tolláin feadh líne N6 GCRR, chomh maith le tollpholl cothrománach ó Chairéal Leacaigh feadh líne an tolláin. Tá sé sin le fáil in Aguisín A.7.3 den EIAR. Mar thoradh ar an imscrúdú talún sin bhíothas in ann fad an tollán a ghiorrú tuilleadh chuig 230m. Le fírinne, tá an tollán seo chomh gearr sin nach n-aicmítear mar thollán é faoi Chaighdeáin AE agus, dá bhrí sin, tá riachtanais sábháilteachta dóiteáin agus aerúcháin i bhfad níos ísle ann. Is rogha i bhfad níos inbhuanaithe í tollán den fhad seo.

## CONCLÚID

I gcodarsnacht le bealach 2006 GCOB, chuir N6 GCRR deis ar fáil chun tollán níos giorra a thógáil. Dá réir sin, bheifí in ann bealach N6 GCRR a fhorbairt mar réiteach lena ndéantar cuspóirí an tionscadail a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí agus nach mbeadh tionchar dochrach aige, dar linn, ar iomláine cSAC Loch Coirib agus, os a choinne sin, ba léir, ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas, gurbh é a leanfadh as rogha tollánaithe ar ailíniú bhealach 2006 GCOB ná an rud a rabhthas ag iarraidh é a sheachaint, is é sin le rá, fíor-ionchas a bheith ann go n-imreofaí tionchar dochrach ar iomláine an cSAC.

# 7 Cén fáth N6 GCRR a roghnú?

7.1 I dTábla 5 anseo thíos, tugtar comparáid idir Rogha Bealaigh Ciain agus N6 GCRR a mhéid a bhaineann le cuspóirí an tionscadail. Ós rud é nach bhfuair an chuid iartharach de Rogha Bealaigh 2006 GCOB ceadú pleanála ón mBord Pleanála, is é atá i Rogha Bealaigh Ciain ná Scéim 2006 GCOB mhodhnaithe/athbhreithnithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcuid iartharach den scéim, agus ar an gcuid sin amháin.

**Tábla 7.1: Comparáid idir N6 GCRR agus Rogha Bealaigh Ciain a mhéid a bhaineann le Cuspóirí an Tionscadail (mar atá leagtha amach i Roinn 3 thuas)**

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| **Cúrsaí Eacnamaíochta** | | |
| Forbairt áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagadh | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach, le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |
| Faid turais a laghdú | Baintear an cuspóir sin amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr an fhaid turais níos faide ar an mbealach seo ó thaobh taisteal ó A go B. |
| Cinnteacht maidir le fad turais a mhéadú | Baintear an cuspóir sin amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as an gcathair, rud a fhágann gur mó an riosca atá ann go n-imreoidh plódú tráchta tionchar ar fhad turais |
| Tacú le feidhmíocht eacnamaíochta Thairseach na Gaillimhe mar an t-aon fhostóir mór sa réigiún | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na |

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| | | príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair – tá tionchar ag an dá ní sin ar tharraingteacht na Gaillimhe mar ionad fostaíochta |
| Tairbhí a chur ar fáil don bhonneagar iompair | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle chomhtháthúcháin le gréasán bóithre na cathrach mar nach nasctar an N59 le Rathún agus Bóthar na Trá, nach bhfuil nasc díreach ann leis na hionaid fostaíochta san oirthear agus gur lú an leibhéal atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach, rud a shaorann méid níos lú spás lena ath-leithroinnt le haghaidh fhorbairt an bhonneagair iompair i gcoitinne |
| Nascacht le Tairseach na Gaillimhe a fheabhsú | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach, le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |
| Feabhas a chur ar na naisc idir an taobh thiar agus an taobh thoir den chontae | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr easpa naisc idir an N6 agus an N59 chuig na fobhailte iartharacha, agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach, le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| Tionscadal cost-éifeachtach a sholáthar | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |
| **Sábháilteacht** | | |
| An tréthrácht a dheighilt ón trácht uirbeach | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |
| Laghdú a dhéanamh ar imbhuailtí tráchta bóthair. | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |
| Sráideanna uirbeacha níos sábháilte a chur ar fáil | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |
| **Cúrsaí Comhshaoil** | | |
| Íoslaghdóidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe na tionchair ar iomláine na láithreán Natura 2000 ainmnithe uile | San NIS, thángthas ar an gconclúid, mar thoradh ar an eolas eolaíochta is fearr dá bhfuil ann agus ar bhonn faisnéis oibiachtúil agus ag féachaint do chuspóirí caomhantais i leith láithreáin Eorpacha, nach mbeidh aon éifeachtaí dochracha ag an N6 GCRR, ina aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar iomláine aon láithreán Eorpach. | **Ní** bhaintear an cuspóir seo amach.<br>Ba é a bhí i gcinneadh na Cúirte Eorpaí ná go mbeadh tionchar dochrach ag 2006 GCOB mar a ceadaíodh é (is é sin le rá an chuid oirthearach de) ar iomláine láithreáin Eorpaigh agus bheadh an méid sin amhlaidh freisin i gcás Rogha Bealaigh Ciain ós rud é go leanann sí an bealach ceannann céanna trí cSAC Loch Coirib ar an taobh thoir den abhainn. |
| Tríd an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, féachfar le tionchair ar Shéadchomharthaí Náisiúnta a sheachaint | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |
| Ní dhéanfaidh an scéim atá beartaithe dochar míchuí d'oidhreacht ailtireachta, chultúir nó teanga an cheantair | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach go feadh méid níos lú de bharr an tionchair níos mó ar Chaisleán Mhionlaigh agus ar a chúirtealáiste. |
| Mar chuid den fhorbairt bhóthair atá beartaithe tabharfar aird chuí ar thábhacht an tírdhreacha atá | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| ann faoi láthair | | |
| Tríd an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, féachfar le pobail sheanbhunaithe atá ann a chaomhnú | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach go feadh méid níos lú de bharr an tionchair mhóir phobal seanbhunaithe i mBaile an Dúlaigh |
| Tríd an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, féachfar le tionchar torainn ar ghabhdóirí íogaire, agus le tionchar ar an aer thart ar ghabhdóirí íogaire, a laghdú | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |
| **Gníomhaíocht Fhisiciúil** | | |
| Rochtain ar Chathair na Gaillimhe a fheabhsú | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach, le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |
| Feabhas a chur na deiseanna atá ann chun bheith ag siúl i gcroílár na cathrach trí tuilleadh timpeallachtaí siúil a chruthú; agus | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as an gcathair, rud a shaorann méid níos lú spáis lena ath-leithroinnt le haghaidh forbairt modhanna gníomhacha amhail siúl |
| Spás bóthair a ath-leithroinnt ar mhaithe le saoráidí rothaíochta a sholáthar ar shráideanna uirbeacha nach bhfuil plódaithe go rómhór | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as an gcathair, rud a shaorann méid níos lú spáis lena ath-leithroinnt le haghaidh forbairt modhanna gníomhacha amhail rothaíocht |

| **Cuspóir an Tionscadail** | **N6 GCRR** | **Rogha Bealaigh Ciain** |
|---|---|---|
| **Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta** | | |
| Rochtain ar Chathair na Gaillimhe a fheabhsú | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach, le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |
| Idirnascadh ghréasán bóithre Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird leis an ngréasán náisiúnta mótarbhealaí | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach, le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |
| An rochtain atá ag a phríomh-mhargaí ar limistéar uirbeach na Gaillimhe a fheabhsú | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach, le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |
| An rochtain atá ag ceantair Ghaeltachta ar an gcuid eile den chontae agus den tír a fheabhsú | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |
| An míbhuntáiste i gceantair Ghaeltachta a laghdú | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| Beartais inbhuanaithe iompair a chur i bhfeidhm i gcás turais ghearra comaitéireachta | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as an gcathair, rud a shaorann méid níos lú spáis lena ath-leithroinnt le haghaidh forbairt modhanna gníomhacha agus le haghaidh iompair poiblí chun turais chomaitéireachta níos giorra a éascú |
| Timpeallacht uirbeach lár Chathair na Gaillimhe a fheabhsú | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as an gcathair, rud nach gcuireann faoiseamh ar fáil don chathair ó thaobh cúrsaí tráchta de, á chur san áireamh go n-imríonn an tréthrácht i lár Chathair na Gaillimhe, i.e. an Fhaiche Mhór i gcroílár na cathrach, tionchar ar an gcathair mar áit. |
| Tacú le feabhsú an mhoil iompair phoiblí a nascann Gaillimh le Tairseacha eile | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as an gcathair, rud a chiallaíonn gur caolas tráchta é lár Chathair na Gaillimhe, i.e. an Fhaiche Mhór i gcroílár na cathrach, seachas a bheith ina mhol iompair phoiblí agus ina spás uirbeach rud a d’fhéadfadh a bheith ann. |
| Tacú leis na straitéisí reatha maidir le forbairt agus maidir le lonnaíocht | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na |

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| | | cathrach agus le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach Teorannaíonn an dá rud sin an cumas chun an earnáil fostaíochta agus an earnáil chónaitheach a mhéadú sa chathair i suíomhanna athfhorbraíochta agus inlíonta |
| **Comhtháthú** | | |
| Tacú le mais chriticiúil ionad réigiúnach daonra a fhorbairt | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus easpa nasc díreach leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair i dtaca lena nasc le lár na cathrach agus le ceantair chónaitheacha de chuid na cathrach Teorannaíonn an dá rud sin an cumas chun an earnáil fostaíochta agus an earnáil chónaitheach a mhéadú sa chathair i suíomhanna athfhorbraíochta agus inlíonta, rud atá riachtanach chun dlúthionad uirbeach lena ngabhann mais chriticiúil a bhaint amach sa réigiún . |
| Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird (lena n-áirítear codanna iartharacha de Chontae na Gaillimhe) a chomhtháthú isteach sa chlár oibre náisiúnta forbartha eacnamaíochta | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus de bharr cumas níos lú i ndáil le forbairt modhanna gníomhacha agus iompar poiblí, ar nithe iad sin as a leanann méid níos lú fáis san earnáil fostaíochta agus san earnáil chónaitheach i gCathair na Gaillimhe, rud fhágann gur lú a tarraingteacht i dtaca le |

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| | | comhlíonadh a róil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta |
| Tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta, de chineál cothromaithe, ar leibhéal náisiúnta | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus de bharr cumas níos lú i ndáil le forbairt modhanna gníomhacha agus iompar poiblí, ar nithe iad sin as a leanann méid níos lú fáis san earnáil fostaíochta agus san earnáil chónaitheach i gCathair na Gaillimhe, rud fhágann gur lú a tarraingteacht i dtaca le comhlíonadh a róil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le go mbeidh cothromaíocht ann idir réigiún na Gaillimhe agus réigiún an oirthir |
| Tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta, de chineál cothromaithe, ar leibhéal cathrach/réigiúnach | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta amach as lár na cathrach agus de bharr cumas níos lú i leith forbairt modhanna gníomhacha agus iompar poiblí, rud a fhágann gur lú tarraingteacht na cathrach mar áit oibre agus cónaithe, agus de bharr na míbhuntáistí a bhaineann leis na nithe sin |
| Tuiscint a fháil ar na brúnna, ó thaobh cúrsaí forbartha, úsáid talún agus cúrsaí iompair, i limistéar uirbeach na Gaillimhe agus ar thionchar na mbrúnna sin ar réigiún cathrach a sholáthar go rathúil i nGaillimh | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna gur lú an méid comhtháthúcháin atá ann i dtaca le réiteach foriomlán iompair de agus, dá bhrí sin, ní bhaintear acmhainneacht uasta Straitéis Iompair na Gaillimhe amach |
| Acmhainneacht na Gaillimhe mar an ceathrú cathair is mó de chuid na hÉireann agus mar ionad tábhachtach | Baintear an cuspóir seo amach | Ní bhaintear an cuspóir seo amach go feadh an mhéid chéanna de bharr leibhéal níos ísle atreoraithe tráchta |

| Cuspóir an Tionscadail | N6 GCRR | Rogha Bealaigh Ciain |
|---|---|---|
| cónaithe, oideachais, fostaíochta agus seirbhíse le haghaidh cúlchríoch fhairsing a bhaint amach, agus í ag rannchuidiú leis an ordlathas náisiúnta uirbeach | | amach as lár na cathrach agus de bharr cumas níos lú i ndáil le forbairt modhanna gníomhacha agus iompar poiblí, ar nithe iad sin as a leanann méid níos lú fáis san earnáil fostaíochta agus san earnáil chónaitheach i gCathair na Gaillimhe, rud fhágann gur lú a tarraingteacht i dtaca le comhlíonadh a róil mar chathair scála a rannchuidíonn leis an ordlathas uirbeach náisiúnta |
| Aitheantas a thabhairt do ról Chathair na Gaillimhe mar thairseach an iarthair agus mar thairseach Chonamara agus do na tairbhí iarmhartacha socheacnamaíochta a bhaineann le nascacht fheabhsaithe Chathair na Gaillimhe le margaí náisiúnta, le rochtain fheabhsaithe ó thaobh na turasóireachta de, agus leis an gcóras náisiúnta iompair | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach ó thaobh nasc le Conamara a chur ar fáil, ach ní bhaintear amach é go feadh an mhéid chéanna ó thaobh leibhéal na nascachta a chuireann sé ar fáil do Chathair na Gaillimhe |
| Feabhas a chur ar ghréasán TEN-T chun nascacht iarthar na hÉireann leis an margadh Eorpach aonair a chinntiú | Baintear an cuspóir seo amach | Baintear an cuspóir seo amach |

# 8 An Réiteach agus na Tairbhí a ghabhann leis

8.1 Mar atá leagtha amach i Roinn 3 den Réamhrá ag tús na hÉisteachta Ó Bhéal seo, is ionann an N6 GCRR agus an réiteach is fearr ar na deacrachtaí tráchta i gCathair na Gaillimhe agus tacaíonn sé le taisteal níos inbhuanaithe ar na cúiseanna seo a leanas:

- Soláthróidh sé bealach straitéiseach thar Abhainn na Gaillimhe gan aon ghá le dul tríd an gcathair
- Trasghearradh ardchaighdeáin a bheidh ann agus soláthróidh sé an acmhainneacht is gá don trácht straitéiseach a fhónann don chathair agus a nascann an contae leis an ngréasán náisiúnta
- Feabhsóidh sé nascacht le Réigiún an Iarthair i.e. na ceantair agus na cúlchríocha lasmuigh de chrios na cathrach
- Beidh rochtain ar an mbealach straitéiseach seo teoranta do na hacomhail a sholáthraítear, ar acomhail iad a thabharfaidh cosaint don tsócmhainn bhóthair amach anseo, rud a chiallaíonn go mbaineann acmhainneacht dhaingean leis
- Gabhann tábhacht Eorpach leis ós rud é go síneann ainmniúchán ghréasán cuimsitheach TEN-T siar ón gcathair chuig deireadh N6 GCRR agus go soláthróidh sé nasc le Réigiún an Iarthair, ar nasc é lena ngabhann caighdeán bealaigh chuimsithigh de réir Rialachán TEN-T
- Soláthróidh sé ceangail le naisc riachtanacha leis an gcathair ar mhaithe leis an trácht a dháileadh ar bhealach níos fearr
- Trí dhul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le plódú tráchta sa cathair, soláthróidh an bealach seo caighdeán beatha níos fearr d'áitritheoirí na cathrach agus soláthróidh sé timpeallacht i bhfad níos sábháilte chun maireachtáil ann
- Trí laghdú a dhéanamh ar an líon gluaisteán ar na bóithre laistigh de lár na cathrach agus trí shráid-dreacha a fheabhsú, beidh sé níos éasca d'oibrithe agus do mhic léinn comaitéireacht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as modhanna iompair ilmhódacha Áiríonn sé taisteal de shiúl na gcos, ar rothar agus ar an gcóras iompair phoiblí
- Soláthróidh sé nascacht leis na bóithre náisiúnta trí bhíthin acomhal, rud a uasmhéadóidh aistriú gluaiseachtaí tras-chathrach chuig an mbonneagar nua bóthair agus, ar an dóigh sin, scaoilfear agus saorfar crios láithreach lár na cathrach ó phlódú arb é is cúis leis ná trácht atá ag iarraidh rochtain a fháil ar dhroichead i lár na cathrach chun dul trasna Abhainn na Gaillimhe

- Tarraingeoidh sé trácht ó chrios lár na cathrach agus, ar an dóigh sin, éascófar ath-leithroinnt spáis bóthair le haghaidh iompar poiblí agus is é a leanfaidh as sin ná iontaofacht níos fearr maidir le hamanna turais ar an gcóras iompair phoiblí
- Freastalóidh sé ar an éileamh mór idir criosanna ar gach taobh ar leith den chathair
- Soláthróidh sé trasnú abhann breise lena ngabhann nascacht ar ais chuig an gcathair ar cheachtar taobh den trasnú droichid
- Éascóidh sé timpeallacht láir cathrach níos fearr do chách mar gheall ar phlódú laghdaithe agus, ar an dóigh sin, spreagfar siúl agus rothaíocht mar mhodhanna sábháilte taistil

8.2 Ina theannta sin, éascóidh N6 GCRR atá beartaithe cur i bhfeidhm an GTS agus réiteach comhtháite iompair ina gcuimsítear athrú modhanna iompair laistigh de Chathair na Gaillimhe.

8.3 Sáraíonn na tairbhí móra a ghabhann leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe na tionchair dhiúltacha ionchasacha ar an timpeallacht glactha.